# IARSCRÍBHINN

## ROINN 1: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN bPLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

### 1. CUR SÍOS AR ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ

### A. COMHPHÁIRT 1: AN tAISTRIÚ GLAS A CHUR CHUN CINN

Cuireann an ghné seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin aeráide agus bithéagsúlachta na hÉireann agus is é is aidhm di dlús a chur le dícharbónú gheilleagar na hÉireann, toisc go bhfuil Éire tite chun deiridh ar Bhallstáit eile maidir le dul i ngleic le dícharbónú.

Tá dhá chuspóir leis an gcomhpháirt:

- An creat rialachais foriomlán a neartú trí phríomhspriocanna aeráide agus struchtúir agus próisis institiúideacha ghaolmhara a chumhdach sa reachtaíocht náisiúnta; agus
- Maoiniú ábhartha díreach i gcomhair tionscadail a dhícharbónú, amhail iarfheistiú agus infheistíocht in iarnróid, agus athléimneacht agus athshlánú éiceachórais á bhfeabhsú.

Cuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le hinfheistíochtaí tús-ualaithe a dhírítear ar aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, iompar inbhuanaithe, agus soláthar agus cóireáil uisce (moltaí tírshonracha 3 in 2019 agus 2020). Cuidíonn sí freisin leis an moladh taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn agus a spreagadh (moltaí tírshonracha 3 in 2019 agus 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

**<u>A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha</u>**

<u>Infheistíocht: 1.2 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta</u>

Is é is cuspóir don infheistíocht sin tacú le dícharbónú na bhfiontar, fiontair faoi úinéireacht eachtrach agus fiontair faoi úinéireacht dhúchasach, trí shuiteáil na gcóras rialaithe méadraithe agus faireacháin fuinnimh a dhreasú, agus trí ghlacadh an téimh ísealteochta/meánteochta atá neodrach ó thaobh carbóin de sa tionscal monaraíochta a mhéadú.

Cuidíonn an infheistíocht sin tionscadail a mhaoiniú thrí bhíthin dhá chiste. Ar an gcéad dul síos, leis an infheistíocht soláthrófar maoiniú don Chiste Infheistíochta um Laghdú Astaíochtaí Fiontar, a dhírítear ar fhiontair san earnáil monaraíochta *(1.2.1 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta Dlús a chur le dícharbónú na hearnála fiontraíochta - Ciste Infheistíochta um Laghdú Astaíochtaí Fiontar).* Ar an dara dul síos, tacóidh sé leis an gCiste um Pleanáil Aeráide do Ghnólachtaí, a dhírítear ar fhiontair *(1.2.2 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta –*

Meastar nach ndéanfaidh na hinfheistíochtaí sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na hinfheistíochtaí agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. Go sonrach, ar an gcéad dul síos, déanfar 70 % ar a laghad (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, lena hathchúrsáil nó le haghaidh aisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhair eile, i gcomhréir leis an Treoir maidir le hOrd na Réiteach Dramhaíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh. Ar an dara dul síos, cuirfidh oibreoirí teorainn a chur le giniúint dramhaíola i bpróisis a bhaineann le foirgníocht agus scartáil, i gcomhréir le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, agus na teicnící is fearr atá ar fáil á gcur san áireamh agus úsáid á baint as an scartáil roghnaitheach ionas go bhféadfar substaintí guaiseacha a bhaint agus a láimhseáil go sábháilte, agus éascóidh siad ath-úsáid agus athchúrsáil ardchaighdeáin trí ábhair a bhaint ar bhonn roghnaitheach, agus úsáid á baint as na córais sórtála atá ar fáil le haghaidh dramhaíl foirgníochta agus scartála.

Beidh an infheistíocht sin curtha chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: 1.4 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí

Is é is cuspóir don infheistíocht leictriú na n-iarnród i limistéar cathrach Chorcaí amach anseo a éascú, chun beartas soghluaisteachta inbhuanaithe a leathnú i réigiún Chorcaí, úsáid as gluaisteáin a laghdú agus glacadh an iompair phoiblí a mhéadú, agus ar an dóigh sin cur leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Tá na trí fho-infheistíocht seo a leanas san infheistíocht:

- Cuimsítear leis an gcéad fho-infheistíocht traslíne bhreise a chruthú, agus ardán leathnaithe ag Stáisiún an Cheanntaigh, i gcomhréir le cuspóirí inrochtaineachta *(1.4.1 Leictriú Amach Anseo a Éascú trí Infheistíocht Spriocdhírithe in Iarnród Comaitéireachta Chorcaí - Traslíne bhreise a chruthú agus ardán breise ag Stáisiún an Cheanntaigh*).

- Is éard atá sa dara fo-infheistíocht rianú dúbailte ar an líne aonair reatha agus ar an obair chomharthaíochta don stráice dhá líne, idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann *(1.4.2 Leictriú Amach Anseo a Éascú trí Infheistíocht spriocdhírithe in Iarnród Comaitéireachta Chorcaí - Rianú dúbailte ar an líne aonair reatha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann).*

- Baineann an tríú fo-infheistíocht le hathchomharthaíocht 62 km ar a laghad de na línte le haghaidh líonra Comaitéireachta Cheantar Chorcaí *(1.4.3 Leictriú Amach Anseo a Éascú trí Infheistíocht spriocdhírithe in Iarnród Comaitéireachta Chorcaí - Athchomharthaíocht na línte).*

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 1.5 Clár Náisiúnta na nDúshlán Mór

Is é is cuspóir don infheistíocht tionscadail taighde agus forbartha a chur chun cinn lena gcumhdaítear réimse tosaíochtaí in earnálacha na haeráide, an chúraim sláinte, an dhigitithe agus na talmhaíochta. Baineann an infheistíocht úsáid as samhail um maoiniú atá bunaithe ar dhúshláin arna

ceapadh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun tacú le tionscadail taighde agus nuálaíochta, lena spreagtar taighdeoirí chun iarrachtaí a dhíriú ar thionchar inbhraite a sholáthar don tsochaí. Eagrófar na Mórdhúshláin Náisiúnta faoi thrí bhabhta *(1.5.1 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 1; 1.5.2 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 2; 1.5.3 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 3)*. Beidh cúig dhúshlán ghlasa agus dhá dhúshlán dhigiteacha ann.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht rogha tionscadal i ndiaidh trí chéim. Is éard a bheidh i gceist leis an gcéad chéim, a mhairfidh idir 12 mhí agus 18 mí, tionscadail taighde a ghearrliostú ar dócha go réiteofar tosaíochtaí ábhartha sin leo. Sa dara céim, gheobhaidh iarrthóirí litir thairisceana. Beidh 24 mhí acu chun aistriú a dtionscadal go dtí céim na fréamhshamhla nó beartas nó athrú rialála a ghlacann an rialtas leis a bhaint amach. Ar deireadh, deonófar tacaíocht airgeadais ar fhoirne buaiteacha chun réiteach úsáide a éascú. Eagrófar trí bhabhta roghnúcháin.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an infheistíocht sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an infheistíocht agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. Go sonrach, beidh na méadrachtaí agus na spriocanna freagracha maidir le dúshláin neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, beidh torthaí na bpróiseas T&N neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de freisin agus déanfar T&N donn a eisiamh ón scéim.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Iúil 2026.

<u>Infheistíocht: 1.6 Athshlánú feabhsaithe ar thailte portaigh</u>

Is é is cuspóir don infheistíocht díghrádú breise ar thailte portaigh a chosc agus an bhail atá orthu a fheabhsú agus a threisiú. Is é is aidhm don infheistíocht talamhúsáid a athrú ó bhaint móna go ceapadh carbóin agus cuirfidh sí freisin le bithéagsúlacht mhéadaithe, tacóidh sí le taitneamhacht portach agus éiceachórais phortach, agus cuirfear feabhas léi ar cháilíocht an uisce agus ar bhainistiú riosca tuile. Cuirfidh an infheistíocht le talamhúsáid a athrú ó bhaint móna go ceapadh carbón.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht athshlánú a dhéanamh ar 33 000 heicteár de limistéir tailte portaigh atá faoi úinéireacht cuideachta leathstáit, Bord Na Móna. Áireofar ar athshlánú na dtailte portaigh sin bogaigh agus seascainn a chruthú, feabhas a chur ar an topagrafaíocht, draenacha lena gcuirtear bac ar an lagphortach athfhliuchta a thrinseáil, teicnící éagsúla a chur chun feidhme chun dlús a chur leis an bhfásra agus córas caidéalaithe grianchumhachta a thógáil chun uisce a ardú.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026.

<u>Infheistíocht 1.7 Plean bainistithe abhantraí – Clár uaillmhéine feabhsaithe</u>

Is é is cuspóir don infheistíocht feabhas a chur ar bhonneagar fuíolluisce trí thionscadail ionad cóireála fuíolluisce tosaíochta a thús-ualú ar sainaithníodh go gcuireann a sceitheadh brú suntasach ar dhobharlaigh ghlactha.

Tá an méid seo a leanas san infheistíocht: (i) uasghrádú ar 10 n-ionad cóireála uisce bheaga ar a laghad *(1.7.1 Plean Bainistíochta Abhantraí - Uasghrádú ar 10 n-ionad cóireála uisce bheaga ar a laghad)*; (ii) staidéir féidearthachta a chuir i gcrích maidir le 20 ionad cóireála fuíolluisce ar a laghad *(1.7.2 Plean Bainistíochta Abhantraí - Staidéir féidearthachta ar 20 ionad cóireála fuíolluisce ar a laghad)*; agus (iii) faireachán a dhéanamh ar tháscairí bitheolaíocha agus fisiceimiceacha 20 láithreán ar a laghad agus acmhainn a fhorbairt chun caighdeáin chóireála riachtanacha a bhunú chun tacú le cuspóirí na Creat-treorach Uisce a bhaint amach *(1.7.3 Plean*

*Bainistíochta Abhantraí - Faireachán ar tháscairí bitheolaíocha agus fisiceimiceacha 20 láithreán ar a laghad).*

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meán Fómhair 2025.

Athchóiriú: 1.8 An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (leasú)

Is é is cuspóir don athchóiriú sin sprioc maidir le hastaíochtaí a laghdú do 2030 agus an cuspóir aeráidneodrachta faoi 2050 a leagan síos sa reachtaíocht phríomhúil, agus an creat rialachais maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach a neartú.

Is éard atá san athchóiriú ná síniú agus teacht i bhfeidhm an Bhille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (leasú) lena gceanglófar, i measc nithe eile, go gcuirfear an cuspóir aeráidneodrachta faoi 2050 ar bhonn reachtúil, go nglacfar buiséid charbóin 5 bliana ar leibhéil earnála agus geilleagair, an chéad dá bhuiséad carbóin a shocrú i gcomhréir leis an gcuspóir um laghdú 51 % le haghaidh 2030, agus nuashonruithe bliantúla ar an bPlean Gníomhaíochta don Aeráid a ullmhú agus tuairisciú bliantúil aeráide a chur i gcrích.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: 1.9 Cáin charbóin

Is é is cuspóir don athchóiriú cuidiú leis an ngeilleagar a dhícharbónú trí úsáid breoslaí iontaise a dhíspreagadh, úsáid fuinnimh in-athnuaite ag an tionscal agus ag an tsochaí a spreagadh agus gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh a chothú.

Is éard atá san athchóiriú ná méaduithe bliantúla comhleanúnacha de EUR 7,50 in aghaidh na bliana idir 2021 agus 2025 ar an ráta cánach carbóin a chur chun feidhme, ag leanúint na conaire a mbeidh ráta EUR 100 in aghaidh an tona astaíochtaí $CO_2$ in 2030 mar thoradh air.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 30 Meitheamh 2025.

**A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 4 | 1.2.1 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta – Ciste Infheistíochta um Laghdú Astaíochtaí Fiontar | Garsprioc | Seoladh an ghlao ar thograí | Foilsiú an ghlao ar thograí ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ag na gníomhaireachtaí fiontraíochta | - | - | - | R3 | 2022 | Beidh an glao ar thograí seolta. Díreofar an Ciste Infheistíochta um Laghdú Astaíochtaí Fiontar ar fhiontair san earnáil monaraíochta, agus cuirfear fócas ar theicneolaíochtaí laghdaithe carbóin, ar chórais faireacháin agus rianaithe, agus ar thaighde, forbairt agus nuálaíocht. Áireofar i dtéarmaí tagartha an ghlao ar thograí critéir incháilitheachta lena n-áirithítear go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta na ngníomhaíochtaí eisiata agus as an gceanglas maidir le teicneolaíocht bhithfhuinnimh i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart agus leis an gceanglas nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú. |
| 5 | 1.2.1 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta – Ciste Infheistíochta um Laghdú Astaíochtaí Fiontar | Sprioc | Tionscadail curtha i gcrích | - | Líon | 0 | 150 | R3 | 2026 | Beidh 150 tionscadal ar a laghad formheasta faoin gCiste Infheistíochta um Laghdú Astaíochtaí Fiontar, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta na ngníomhaíochtaí eisiata i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart agus as an gceanglas go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. |
| 6 | 1.2.1 Dlús a chur le | Sprioc | Cainníocht $CO_2$ a mhaolú trí | - | Líon (tonaí i | 0 | 40 | R3 | 2026 | Beidh 40 000 tona ar a laghad de $CO_2$ measta maolaithe de dheasca teicneolaíochtaí ísealcharbóin a shuiteáil. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta – Ciste Infheistíochta um Laghdú Astaíochtaí Fiontar | | theicneolaíochtaí ísealcharbóin a shuiteáil | | mílte) | | | | | Deimhneofar é sin trí laghdú ar astaíochtaí féintuairiscithe ag fiontair a bhfuil an maoiniú haghaidh suiteálacha caipitil á fháil acu. |
| 7 | 1.2.2 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta – An Ciste um Pleanáil Aeráide do Ghnólachtaí | Garsprioc | Feachtas feasachta maidir leis an gciste a chur i gcrích | Feachtas feasachta a chur i gcrích chun glacadh na tacaíochta atá ar fáil ón gCiste um Pleanáil Aeráide do Ghnólachtaí a chur chun cinn | - | - | - | R3 | 2026 | Beidh feachtas feasachta curtha i gcrích, a mbeidh clúdach raidió náisiúnta agus áitiúil mar chuid de, chun glacadh na dtacaíochtaí atá ar fáil ón gCiste um Pleanáil Aeráide do Ghnólachtaí a chur chun cinn. |
| 8 | 1.2.2 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta – An Ciste um Pleanáil Aeráide do Ghnólachtaí | Sprioc | Formheas na n-iarratas ar thacaíocht um maoiniú | - | Líon | 0 | 500 | R3 | 2026 | Beidh 500 iarratas ar a laghad ar thacaíocht um maoiniú formheasta, agus áiritheofar go gcomhlíonfar an Treoraíocht Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta na ngníomhaíochtaí eisiata agus as an gceanglas maidir le teicneolaíocht bhithfhuinnimh i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart agus leis an gceanglas nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú. |
| 9 | 1.3 Clár Iarfheistithe Fuinnimh | Garsprioc | Tosú na n-oibreacha iarfheistithe | Tús curtha ag na príomhchonraitheoirí leis na | - | - | - | C4 | 2021 | Is í Oifig na nOibreacha Poiblí a cheapfaidh na príomhchonraitheoirí agus beidh tús curtha acu leis na hoibreacha iarfheistithe ar láithreáin. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | Foirgneamh na hEarnála Poiblí | | | hoibreacha iarfheistithe | | | | | | |
| 10 | 1.3 Clár Iarfheistithe Fuinnimh Foirgneamh na hEarnála Poiblí | Garsprioc | Beidh oibreacha iarfheistithe ar chóiríocht oifige poiblí atá suite ar fud na hÉireann curtha i gcrích | Iarfheistiú ar chóiríocht oifige poiblí a chur i gcrích | - | - | - | C4 | 2025 | Beidh 5 400 méadar cearnach ar a laghad de chóiríocht oifige poiblí uasghrádaithe ó rátáil fuinnimh foirgníochta C3 nó níos lú go caighdeán rátála fuinnimh foirgníochta B nó níos airde agus beidh laghdú 30 % ar a laghad ar úsáid fuinnimh phríomhúil bainte amach acu. |
| 11 | 1.3 Clár Iarfheistithe Fuinnimh Foirgneamh na hEarnála Poiblí | Garsprioc | Beidh obair iarfheistithe ar Theach Tom Johnson curtha i gcrích | Iarfheistiú ar Theach Tom Johnson curtha i gcrích | - | - | - | C4 | 2023 | Beidh iarfheistiú iomlán curtha i gcrích ag Teach Tom Johnson go caighdeán rátála fuinnimh A2 nó níos airde agus beidh laghdú 30 % ar a laghad ar úsáid fuinnimh phríomhúil bainte amach aige. |
| 12 | 1.4 Leictriú Amach Anseo a Éascú trí Infheistíocht Spriocdhírithe in Iarnród Comaitéireacht a Chorcaí | Garsprioc | Síniú creatchonartha le haghaidh rothstoc astaíochtaí nialasacha ag baint úsáid as tiomáint astaíochtaí nialasacha | Creatchonradh maidir le rothstoc astaíochtaí nialasacha ag baint úsáid as tiomáint astaíochtaí nialasacha | - | - | - | R2 | 2022 | Beidh creatchonradh deich mbliana sínithe ag Iarnród Éireann le haghaidh rothstoc astaíochtaí nialasacha ag baint úsáid as tiomáint astaíochtaí nialasacha do ghréasán iarnróid na hÉireann. |
| 13 | 1.4 Leictriú Amach Anseo a Éascú trí Infheistíocht Spriocdhírithe in Iarnród Comaitéireacht | Garsprioc | Tiomáint astaíochtaí nialasacha a roghnú | Cinneadh riaracháin ón Údarás Náisiúnta Iompair | - | - | - | C4 | 2025 | Mar chuid den phlean chun seirbhísí iarnróid ghréasán iarnróid comaitéireachta Chorcaí a leictriú, déanfar cinneadh i dtaobh an mbainfear flít sceithphíopa astaíochtaí nialasacha amach trí leictriú líne lasnairde nó trí fhlít ceallra-leictreach a úsáid. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | a Chorcaí | | | | | | | | | |
| 14 | 1.4.1 Leictriú Amach Anseo a Éascú trí Infheistíocht Spriocdhírithe in Iarnród Comaitéireacht a Chorcaí – Traslíne bhreise a chruthú agus ardán leathnaithe ag Stáisiún an Cheanntaigh | Garsprioc | Conradh deartha le haghaidh stáisiún an Cheanntaigh a dhámhachtain | Fógra faoi dhámhachtain an chonartha deartha le haghaidh thras-ardán stáisiún an Cheanntaigh | - | - | - | C4 | 2021 | Beidh conradh dáfa chun tabhairt faoin dearadh le haghaidh thras-ardán stáisiún an Cheanntaigh. |
| 15 | 1.4.1 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí - Traslíne bhreise a chruthú agus ardán leathnaithe ag Stáisiún an Cheanntaigh | Garsprioc | Dámhachtain conarthaí foirgníochta | Dámhadh na conarthaí foirgníochta | - | - | - | C4 | 2022 | Beidh conarthaí foirgníochta dáfa. Beidh EUR 4 900 000 (70 % de bhunchostais an tionscadail gan teagmhas riosca a áireamh) geallta ar dhámhachtain na gconarthaí sin. |
| 16 | 1.4.1 Leictriú amach | Garsprioc | Beidh an tras-ardán curtha i | Tá an tras-ardán curtha i | - | - | - | C4 | 2024 | Beidh an t-ardán críochnaithe, i gcomhréir le caighdeáin inrochtaineachta. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí - Traslíne bhreise a chruthú agus ardán leathnaithe ag Stáisiún an Cheanntaigh | | gcrích | gcrích | | | | | | |
| 17 | 1.4.2 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí – Rianú dúbailte ar an líne aonair reatha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann | Garsprioc | Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chur isteach | Tuarascáil ar an measúnú tionchair ar an gcomhshaol curtha faoi bhráid curtha isteach chuig na húdaráis phleanála | - | - | - | R3 | 2022 | Cuirfidh Iarnród Éireann tuarascáil um measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi bhráid na n-údarás pleanála maidir le rianú dúbailte ar líne An Ghleanntáin go dtí Mainistir na Corann, i gcomhréir le ceanglais Threoir 2011/92/AE arna leasú le Treoir 2014/52/AE. |
| 18 | 1.4.2 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród | Garsprioc | Beidh an conradh foirgníochta dáfa | Tá an conradh foirgníochta dáfa | - | - | - | C4 | 2022 | Beidh an príomhchonradh foirgníochta dáfa. Beidh EUR 48 400 000 (70 % de bhunchostas an tionscadail gan teagmhas riosca a áireamh) geallta ar dhámhachtain an chonartha sin. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | comaitéireachta Chorcaí – Rianú dúbailte ar an líne aonair reatha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann | | | | | | | | | |
| 19 | 1.4.2 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí – Rianú dúbailte ar an líne aonair reatha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann | Garsprioc | Tús leis na hoibreacha líne an Ghleanntáin-Mhainistir na Corann | Tús leis na hoibreacha ar rian dúbailte do líne an Ghleanntáin go Mainistir na Corann | - | - | - | R1 | 2024 | Beidh tús curtha le hobair ar rianú dúbailte ar líne aonair reatha an Ghleanntáin go Mainistir na Corann. Beidh tosú na hoibre curtha ar bhonn foirmiúil trí dhearbhú arna eisiúint ag an Údarás Náisiúnta Iompair. |
| 20 | 1.4.2 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí - Rianú dúbailte ar an líne aonair | Sprioc | Rianú dúbailte ar líne an Ghleanntáin go Mainistir na Corann a chur i gcrích | - | An líon gciliméadar | 0 | 7.5 | R2 | 2026 | Beidh 7.5 ciliméadar ar a laghad de rian leagtha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | reatha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann | | | | | | | | | |
| 21 | 1.4.3 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí – Na línte a athchomharthú | Garsprioc | Beidh an príomhchonradh deartha agus tógála dáfa | Tá an príomhchonradh deartha agus tógála a bhaineann le hathchomharthaíocht na línte dáfa | - | - | - | C4 | 2022 | Beidh an príomhchonradh deartha agus tógála dáfa. Beidh EUR 34 600 000 (70 % de bhunchostas an tionscadail gan teagmhas riosca a áireamh) geallta ar dhámhachtain an chonartha sin. |
| 22 | 1.4.3 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí – Na línte a athchomharthú | Garsprioc | Beidh glactha leis an scéim deartha mhionsonraithe | Beidh an scéim dheiridh um dhearadh mionsonraithe agus um fhoirgníochta glactha ag an Údarás Náisiúnta Iompair | - | - | - | C4 | 2023 | Beidh glactha leis an scéim dheiridh um dhearadh agus um fhoirgníochta chun na línte a athchomharthú. |
| 23 | 1.4.3 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí – Na | Sprioc | Críochnú na n-oibreacha athchomharthaíochta | - | An líon gciliméadar | 0 | 62 | R3 | 2026 | Beidh 62 chiliméadar ar a laghad d’athchomharthaíocht curtha i gcrích do líonra Comaitéireachta Cheantar Chorcaí. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | línte a athchomharthú | | | | | | | | | |
| 24 | 1.5.1 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 1 | Garsprioc | Síniú chonarthaí Bhabhta 1 maidir le tionscadail ghlasa roghnaithe | Beidh conarthaí eisithe d'fhoirne roghnaithe i mBabhta 1 den Mhórdhúshlán Náisiúnta chun réitigh ghlasa chomhaontaithe a fhorbairt. Is i bhfoirm litreach tairisceana atá na conarthaí | - | - | - | R2 | 2025 | Beidh conarthaí sínithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis na foirne roghnaithe i ndiaidh an ghlao ar thionscadail. Áiritheoidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann go dtacóidh an próiseas roghnúcháin le tionscadail dar luach EUR 7,700,000 (gan costas riaracháin 9,5 % a áireamh) a bheidh dírithe ar an ngeilleagar ísealcharbóin, buanseasmhacht agus oiriúnú don athrú aeráide, i gcomhréir le réimse idirghabhála 022 in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán 2021/241.<br>Ní dhéanfaidh na tionscadail roghnaithe dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). |
| 25 | 1.5.1 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 1 | Garsprioc | Síniú chonarthaí Bhabhta 1 maidir le tionscadail dhigiteacha roghnaithe | Beidh conarthaí eisithe d'fhoirne roghnaithe i mBabhta 1 den Mhórdhúshlán Náisiúnta chun réitigh dhigiteacha chomhaontaithe a fhorbairt. Is i bhfoirm litreach tairisceana atá na conarthaí | - | - | - | R2 | 2025 | Beidh conarthaí sínithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis na foirne roghnaithe i ndiaidh an ghlao ar thionscadail. Áiritheoidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann go dtacóidh an próiseas roghnúcháin le tionscadail dar luach EUR 8 800 000 (gan costas riaracháin 9.5 % a áireamh) a bheidh dírithe ar infheistíocht i ngníomhaíochtaí digiteacha T&N (lena n-áirítear ionaid taighde barr feabhais, taighde tionsclaíoch, forbairt thurgnamhach, staidéir indéantachta, éadáil sócmhainní seasta nó doláimhsithe le haghaidh gníomhaíochtaí digiteacha T&N) i gcomhréir le réimse idirghabhála 009bis in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán 2021/241<br>Ní dhéanfaidh na tionscadail roghnaithe dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir |

| Uimhir sheicheam hach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). |
| 26 | 1.5.1 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 1 | Garsprioc | Tuarascáil um chríochnú maidir le cur i gcrích tionscadal roghnaithe Bhabhta 1 | Tuarascáil um chríochnú maidir leis an dul chun cinn a bheidh bainte amach ag na tionscadail roghnaithe agus na tionscadail a chur i láthair i ndiaidh dóibh céim na fréamhshamhla a bhaint amach | - | - | - | R3 | 2026 | Soláthróidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann tuarascáil um chríochnú ina sonrófar na torthaí a baineadh amach le gach ceann de na tionscadail roghnaithe i mbabhta 1. |
| 27 | 1.5.2 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 2 | Garsprioc | Síniú chonarthaí Bhabhta 2 maidir le tionscadail ghlasa roghnaithe | Beidh conarthaí eisithe d'fhoirne roghnaithe i mBabhta 2 den Mhórdhúshlán Náisiúnta chun réitigh ghlasa chomhaontaithe a fhorbairt. Is i bhfoirm litreach tairisceana atá na conarthaí | - | - | - | C4 | 2025 | Beidh conarthaí sínithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis na foirne roghnaithe i ndiaidh an ghlao ar thionscadail. Áiritheoidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann go dtacóidh an próiseas roghnúcháin le tionscadail dar luach EUR 18 500 000 (gan costas riaracháin 9,5 % a áireamh) a bheidh dírithe ar an ngeilleagar ísealcharbóin, buanseasmhacht agus oiriúnú don athrú aeráide, i gcomhréir le réimse idirghabhála 022 in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán 2021/241.<br>Ní dhéanfaidh na tionscadail roghnaithe dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 28 | 1.5.2 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 2 | Garsprioc | Síniú chonarthaí Bhabhta 2 maidir le tionscadail dhigiteacha roghnaithe | Beidh conarthaí eisithe d'fhoirne roghnaithe i mBabhta 2 den Mhórdhúshlán Náisiúnta chun réitigh dhigiteacha chomhaontaithe a fhorbairt. Is i bhfoirm litreach tairisceana atá na conarthaí | - | - | - | C4 | 2025 | Beidh conarthaí sínithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis na foirne roghnaithe i ndiaidh an ghlao ar thionscadail. Áiritheoidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann go dtacóidh an próiseas roghnúcháin le tionscadail dar luach EUR 10 800 000 (gan costas riaracháin 9,5 % a áireamh) a bheidh dírithe ar infheistíocht i ngníomhaíochtaí digiteacha T&N (lena n-áirítear ionaid taighde barr feabhais, taighde tionsclaíoch, forbairt thurgnamhach, staidéir indéantachta, éadáil sócmhainní seasta nó doláimhsithe le haghaidh gníomhaíochtaí digiteacha T&N) i gcomhréir le réimse idirghabhála 009bis in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán 2021/241.<br>Ní dhéanfaidh na tionscadail roghnaithe dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). |
| 29 | 1.5.2 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 2 | Garsprioc | Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le leibhéal chríochnú thionscadail roghnaithe Bhabhta 2 | Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an dul chun cinn a bheidh bainte amach ag na tionscadail roghnaithe | - | - | - | R3 | 2026 | Soláthróidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann tuarascáil ar dhul chun cinn ina sonrófar céim chur chun cinn na dtionscadal uile arna roghnú i mbabhta 2. |
| 30 | 1.5.3 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 3 | Garsprioc | Síniú chonarthaí Bhabhta 3 maidir le tionscadail ghlasa roghnaithe | Beidh conarthaí eisithe d'fhoirne roghnaithe i mBabhta 3 den Mhórdhúshlán Náisiúnta chun | - | - | - | R2 | 2026 | Beidh conarthaí sínithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis na foirne roghnaithe i ndiaidh an ghlao ar thionscadail. Áiritheoidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann go dtacóidh an próiseas roghnúcháin le tionscadail dar luach EUR 19 600 000 (gan costas riaracháin 9,5 % a áireamh) a bheidh dírithe ar an ngeilleagar ísealcharbóin, buanseasmhacht agus oiriúnú |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | réitigh ghlasa chomhaontaithe a fhorbairt. Is i bhfoirm litreach tairisceana atá na conarthaí | | | | | | don athrú aeráide, i gcomhréir le réimse idirghabhála 022 in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán 2021/241.<br>Ní dhéanfaidh na tionscadail roghnaithe dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. |
| 31 | 1.5.3 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 3 | Garsprioc | Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le leibhéal chríochnú thionscadail roghnaithe Bhabhta 3 | Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an dul chun cinn a bheidh bainte amach ag na tionscadail roghnaithe | - | - | - | R3 | 2026 | Soláthróidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann tuarascáil ar dhul chun cinn ina sonrófar céim chur chun cinn na dtionscadal uile arna roghnú i mbabhta 3. |
| 32 | 1.6 Athshlánú feabhsaithe ar thailte portaigh | Garsprioc | Réamhstaidéar ar athshlánú tailte portaigh | Réamhstaidéir a fhoilsiú a úsáidfear chun an beart a chur chun feidhme | - | - | - | R3 | 2021 | Beidh réamhstaidéar ar athshlánú tailte portaigh foilsithe, lena n-áirítear cuspóirí comhshaoil, na caighdeáin athshlánúcháin a bheidh i bhfeidhm, liosta na bportach arna roghnú lena n-athshlánú agus na critéir lena roghnú. |
| 33 | 1.6 Athshlánú feabhsaithe ar thailte portaigh | Sprioc | Tús na n-oibreacha ar na chéad phortaigh | - | Líon | 0 | 19 | C4 | 2021 | Beidh feabhsuithe tosaithe ar athshlánú 19 bportach ar a laghad. Áiritheofar tosú na bhfeabhsuithe trí chigireachtaí láithreáin agus measúnuithe teicniúla a bheidh curtha ar fáil i dtuarascáil ar dhul chun cinn. |
| 34 | 1.6 Athshlánú feabhsaithe ar thailte portaigh | Sprioc | Tús na n-oibreacha ar phortaigh bhreise | - | Líon | 19 | 61 | C4 | 2023 | Beidh feabhsuithe athshlánúcháin ar phortaigh bhreise tosaithe le haghaidh 42 phortach bhreise ar a laghad. Áiritheofar tosú na bhfeabhsuithe trí chigireachtaí láithreáin agus measúnuithe teicniúla a bheidh déanta agus a bheidh curtha ar bhonn foirmiúil i dtuarascáil |

| Uimhir sheicheam hach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | eatramhach. Áireofar sa tuarascáil príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) sonracha, intomhaiste, inghlactha, réalaíocha, faoi cheangal ama (SMART). |
| 35 | 1.6 Athshlánú feabhsaithe ar thailte portaigh | Sprioc | Na hoibreacha athshlánúcháin do na chéad phortaigh a chríochnú | - | Líon | 0 | 40 | C4 | 2024 | Beidh feabhsuithe athshlánúcháin bainte amach go substaintiúil le haghaidh 40 portach ar a laghad. Áiritheofar an críochnú trí chigireachtaí láithreáin agus measúnuithe teicniúla a bheidh déanta agus a bheidh curtha ar bhonn foirmiúil i dtuarascáil eatramhach. Beidh príomhtháscairí feidhmíochta SMART sa tuarascáil. |
| 36 | 1.6 Athshlánú feabhsaithe ar thailte portaigh | Sprioc | Obair athshlánúcháin a chríochnú | - | Líon | 40 | 82 | R3 | 2026 | Beidh feabhsuithe athshlánúcháin ar 82 phortach lena gcumhdaítear thart ar 33 000 heicteár curtha i gcrích. Deimhneofar an críochnú le tuarascáil um chríochnú lena ndaingnítear gur comhlíonadh cuspóirí na scéime agus an chonartha. Beidh torthaí na gcigireachtaí láithreáin agus na measúnuithe teicniúla sna tuarascálacha deiridh freisin. |
| 37 | 1.7.1 Plean Bainistíochta Abhantraí – Uasghrádú ar 10 n-ionad cóireála uisce bheaga ar a laghad | Garsprioc | Ionaid chóireála fuíolluisce incháilithe a roghnú | Liosta de 10 láithreán incháilithe ar a laghad a fhoilsiú | - | - | - | R1 | 2022 | Beidh liosta de 10 láithreán ar a laghad arna roghnú don uasghrádú foilsithe. Beidh sé bunaithe ar an measúnú a bheidh déanta ag sainghrúpa agus beidh an tuairisc ar an gcineál uasghrádaithe is gá ann. |
| 38 | 1.7.1 Plean Bainistíochta Abhantraí – Uasghrádú ar 10 n-ionad | Garsprioc | Tús leis an uasghrádú ar ionaid chóireála fuíolluisce bheaga | Beidh ordú oibre eisithe chuig conraitheoir oibreacha ina sonrófar raon | - | - | - | R2 | 2022 | Beidh tús curtha leis na hoibreacha uasghrádaithe ag na hionaid chóireála fuíolluisce bheaga trí ordú oibre a eisiúint chuig an gconraitheoir oibreacha ceaptha. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | cóireála uisce bheaga ar a laghad | | | feidhme iomlán na n-oibreacha agus an amlíne ar laistigh di a chuirfear an raon feidhme sin i gcrích | | | | | | |
| 39 | 1.7.1 Plean Bainistíochta Abhantraí – Uasghrádú ar 10 n-ionad cóireála uisce bheaga ar a laghad | Sprioc | Uasghrádú ar ionaid chóireála fuíolluisce bheaga | - | Líon | 0 | 10 | R3 | 2025 | Beidh 10 n-uasghrádú ar a laghad ar ionaid chóireála fuíolluisce curtha i gcrích. Déanfar an críochnú a shainiú mar a gcuirtear bunús leis le tuarascáil um chríochnú. |
| 40 | 1.7.2 Plean Bainistíochta Abhantraí - Staidéir féidearthachta ar 20 ionad cóireála fuíolluisce ar a laghad | Sprioc | Staidéir féidearthachta agus measúnuithe a bhaineann le fo-bhearta 1 agus 3 lena ndéantar measúnú ar dheiseanna le haghaidh tuilleadh uasghráduithe | - | Líon | 0 | 20 | C4 | 2023 | Beidh ar a laghad 20 staidéar féidearthachta agus measúnú a bhaineann le fo-bhearta 2 agus 3 foilsithe. |
| 41 | 1.7.3 Plean Bainistíochta | Garsprioc | Suíomhanna arna roghnú le haghaidh | Liosta de 20 láithreán ar a laghad a | - | - | - | R2 | 2022 | Beidh liosta na láithreán a ndéanfar faireachán orthu agus coinníollacha an fhaireacháin sin sonraithe ag Uisce Éireann. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | Abhantraí - Faireachán ar tháscairí bitheolaíocha agus fisiceimiceacha 20 láithreán ar a laghad | | faireacháin a fhoilsiú | fhoilsiú arna roghnú chun faireachán a dhéanamh ar tháscairí bitheolaíocha agus fisiceimiceacha | | | | | | |
| 42 | 1.7.3 Plean Bainistíochta Abhantraí - Faireachán ar tháscairí bitheolaíocha agus fisiceimiceacha 20 láithreán ar a laghad | Garsprioc | Tuarascáil deiridh | Tuarascáil deiridh ina léireofar conclúidí an fhaireacháin | - | - | - | R3 | 2025 | Beidh toradh an fhaireacháin agus an bhailithe sonraí sin i bhfoirm tuarascála ina ndéanfar achoimre ar thoradh an fhaireacháin sin, agus i bhfoirm forbairt acmhainne chun caighdeáin chóireála riachtanacha a bhunú chun tacú le cuspóirí na Creat-treorach Uisce a bhaint amach. |
| 43 | 1.8 An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Bhille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 | Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear an teacht i bhfeidhm | - | - | - | R3 | 2021 | Beidh an reachtaíocht tagtha i bhfeidhm. Ceanglófar leis sin an cuspóir aeráidneodrachta faoi 2050 a chur ar bhonn reachtúil, glacadh an chéad chláir buiséid carbóin i gcomhréir leis an gcuspóir um laghdú 51 % le haghaidh 2030, an Plean Gníomhaíochta don Aeráid a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil agus tuairisciú bliantúil aeráide a chur i gcrích a bhaineann le leibhéal chur chun feidhme na mbeartas dá bhforáiltear sa Phlean Gníomhaíochta don Aeráid agus leibhéal um baint amach an laghdaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 44 | 1.8 An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 | Garsprioc | Glacadh an chéad trí bhuiséad carbóin 5 bliana | Glacadh agus foilsiú an chéad trí bhuiséid carbóin 5 bliana | - | - | - | C4 | 2021 | Beidh na chéad trí bhuiséid carbóin 5 bliana glactha. Beidh na buiséid charbóin i gcomhréir leis an gcuspóir laghdaithe 51 % faoi 2030. |
| 45 | 1.8 An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 | Garsprioc | An chéad nuashonrú ar an bPlean Gníomhaíochta don Aeráid | Glacadh agus foilsiú an nuashonraithe bhliantúil ar an bPlean Gníomhaíochta don Aeráid | - | - | - | R3 | 2022 | Beidh Plean athbhreithnithe Gníomhaíochta don Aeráid glactha lena sainítear beartais agus bearta breise de réir mar is gá chun Éire a chur ar an mbóthar ceart i dtreo an chuspóra atá luaite aici maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51 % in 2030 i gcomparáid le leibhéil 2018 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Déanfar an Plean Gníomhaíochta don Aeráid a ailíniú le creat agus cuspóirí an Bhille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 agus beidh sé i gcomhréir le hoibleagáidí na hÉireann faoi reachtaíocht an Aontais um aeráid agus um fhuinneamh. |
| 46 | 1.8 An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 | Garsprioc | Nuashonrú eile ar an bPlean Gníomhaíochta don Aeráid | Glacadh agus foilsiú an nuashonraithe bhliantúil ar an bPlean Gníomhaíochta don Aeráid | - | - | - | R3 | 2025 | Beidh plean athbhreithnithe Gníomhaíochta don Aeráid glactha lena saineofar beartais agus bearta breise de réir mar is gá chun Éire a chur ar an mbóthar ceart i dtreo a cuspóra luaite maidir le laghdú 51 % a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2030 i gcomparáid le leibhéil 2018 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Déanfar an Plean Gníomhaíochta don Aeráid a ailíniú ar an iomlán le creat agus cuspóirí atá beartaithe faoin mBille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 agus beidh sé i gcomhréir le hoibleagáidí na hÉireann faoi reachtaíocht an Aontais um aeráid agus um fhuinneamh. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 47 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Reachtaíocht maidir le conair an ráta cánach carbóin | Foráil den ghníomh reachtach lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le conair an ráta cánach carbóin | - | - | - | C4 | 2020 | Beidh an reachtaíocht i bhfeidhm agus beidh na méaduithe bliantúla ar an ráta tugtha isteach léi. Beidh comhartha fadtéarmach faoi phraghas an charbóin leagtha síos go dtí 2030 léi ar bhonn reachtach den chéad uair. Leagfar síos rátaí sonracha do gach breosla lena mbaineann sa reachtaíocht agus foilseofar iad ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| 48 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Méadú ar an ráta cánach carbóin do 2021 | Beidh bearta riaracháin curtha i bhfeidhm de réir mar is gá chun méaduithe rátaí a thabhairt isteach mar a leagtar amach san Acht Airgeadais 2020 | - | - | - | R2 | 2021 | Beidh an Bille Buiséid agus Airgeadais tagtha i bhfeidhm agus beidh foráil ann maidir le méadú bliantúil 2021 de EUR 7,50 in aghaidh an tona d'astaíocht $CO_2$. Baineann an méadú sin le gach breosla lena mbaineann ó na dátaí a shonraítear san Acht Airgeadais 2020. |
| 49 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Méadú ar an ráta cánach carbóin do 2022 | Beidh bearta riaracháin curtha i bhfeidhm de réir mar is gá chun méaduithe rátaí a thabhairt isteach mar a leagtar amach san Acht | - | - | - | R2 | 2022 | Beidh an Bille Buiséid agus Airgeadais tagtha i bhfeidhm agus beidh foráil ann maidir le méadú bliantúil 2022 de EUR 7,50 in aghaidh an tona d'astaíocht $CO_2$.<br>Bainfidh an méadú sin le gach breosla lena mbaineann ó na dátaí a shonraítear san Acht Airgeadais 2020. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | Airgeadais 2020 | | | | | | |
| 50 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Méadú ar an ráta cánach carbóin do 2023 | Beidh bearta riaracháin curtha i bhfeidhm de réir mar is gá chun méaduithe rátaí a thabhairt isteach mar a leagtar amach san Acht Airgeadais 2020 | - | - | - | R2 | 2023 | Beidh an Bille Buiséid agus Airgeadais tagtha i bhfeidhm agus beidh foráil ann maidir le méadú bliantúil 2023 de EUR 7,50 in aghaidh an tona d'astaíocht $CO_2$.<br>Bainfidh an méadú sin le gach breosla lena mbaineann ó na dátaí a shonraítear san Acht Airgeadais 2020. |
| 51 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Méadú ar an ráta cánach carbóin do 2024 | Beidh bearta riaracháin curtha i bhfeidhm de réir mar is gá chun méaduithe rátaí a thabhairt isteach mar a leagtar amach san Acht Airgeadais 2020 | - | - | - | R2 | 2024 | Beidh an Bille Buiséid agus Airgeadais tagtha i bhfeidhm agus beidh foráil ann maidir le méadú bliantúil 2024 de EUR 7,50 in aghaidh an tona d'astaíocht $CO_2$.<br>Bainfidh an méadú sin le gach breosla lena mbaineann ó na dátaí a shonraítear san Acht Airgeadais 2020. |
| 52 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Méadú ar an ráta cánach carbóin do 2025 | Beidh bearta riaracháin curtha i bhfeidhm de réir mar is gá chun méaduithe | - | - | - | R2 | 2025 | Beidh an Bille Buiséid agus Airgeadais tagtha i bhfeidhm agus beidh foráil ann maidir le méadú bliantúil 2025 de EUR 7,50 in aghaidh an tona d'astaíocht $CO_2$.<br>Bainfidh an méadú sin le gach breosla lena mbaineann ó na dátaí a shonraítear san Acht Airgeadais 2020. |

## B. COMHPHÁIRT 2: DLÚS A CHUR LE hATHCHÓIRITHE DIGITEACHA AGUS LEIS AN AISTRIÚ DIGITEACH AGUS IAD A LEATHNÚ

Cuireann an ghné sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin an aistrithe dhigitigh trí thacú le digitiú seirbhísí poiblí agus cuideachtaí, agus trí scileanna digiteacha a fheabhsú.

Is é is cuspóir don chomhpháirt dlús a chur le haistriú digiteach na tíre agus é a leathnú trí thacaíocht a thabhairt do dhigitiú fiontar, aghaidh a thabhairt ar riosca na deighilte digití, lena n-áirítear san earnáil oideachais, scileanna digiteacha a fheabhsú, agus tacú le bonneagar digiteach a fhorbairt agus seirbhísí poiblí digiteacha a sholáthar.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir le hinfheistíocht san aistriú digiteach agus sa bhonneagar digiteach, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar riosca na deighilte digití, lena n-áirítear san earnáil oideachais (moladh tírshonrach 3 in 2019, agus moltaí tírshonracha 2 agus 3 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

### B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: 2.1 Lárionad comhroinnte sonraí Rialtais a fhorbairt

Is é is cuspóir don bheart sin saoráidí lárionaid sonraí ardchaighdeáin a sholáthar lena gcur in ionad seomraí freastalaithe poiblí agus saoráidí an lárionaid sonraí reatha an Rialtais atá as dáta, cinn atá lonnaithe den chuid is mó i láithreacha oifigí lár na cathrach agus atá neamhéifeachtúil ó thaobh úsáid cumhachta de. Feidhmeoidh an lárionad comhroinnte sonraí Rialtais a fhorbrófar ag Campas Backweston ar bhealach níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, lena n-áirítear trí dhramhtheas an ionaid sonraí a úsáid d’fhoirgnimh eile. Beidh laghdú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa tsaolré mar thoradh ar an bpróiseáil sonraí.

Cuimsítear leis an infheistíocht tógáil, leictriú agus trealamh meicniúil an lárionaid sonraí. Beidh dhá fhreastalaí agus seirbhís de chuid eagraíochta rialtais aistrithe chuig lárionad sonraí nua an Rialtais.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht: 2.2 Clár chun aistriú digiteach na fiontraíochta in Éirinn a chur chun cinn

Is é is cuspóir don bheart dul i ngleic le digitiú neamhchothrom i measc cuideachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus feabhas a chur ar dhigitiú gnólachtaí in Éirinn.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht ná tacú le cláir a dhírítear ar chuideachtaí a dhigitiú in Éirinn, amhail láithreacht ar líne a fhorbairt, táirgí agus próisis ghnó a dhigitiú, agus teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun margaí agus samhlacha nua gnó a fhorbairt. Tacóidh an beart sin freisin le Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha na hÉireann mar chuid den tionscadal ilnáisiúnta. Cuideoidh na moil tuilleadh le cuideachtaí tabhairt faoin aistriú digiteach agus le bheith níos iomaíche.

Lena áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[2]; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí AE (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[3]; (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[4] agus ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla[5]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola díobháil a dhéanamh don chomhshaol. Ina theannta sin, ceanglófar leis na téarmaí tagartha nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

<u>Infheistíocht: 2.3 Clár chun bonneagar digiteach agus maoiniú a chur ar fáil do scoileanna</u>

Is é is cuspóir don bheart a áirithiú go mbeidh scileanna digiteacha cuí ag foghlaimeoirí bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Cuidíonn an beart le haghaidh a thabhairt ar an deighilt réigiúnach agus dhigiteach agus ar na héagothromaíochtaí digiteacha in Éirinn.

Tá dhá fhobheart sa réimse digiteach i scoileanna san infheistíocht. Leis an gcéad fhobheart (*2.3.1 Bonneagar Digiteach agus Maoiniú do Scoileanna – Nascacht*) soláthrófar nascacht leathanbhanda ardluais do bhunscoileanna, agus leis an dara ceann (*2.3.2 Bonneagar Digiteach agus Maoiniú do Scoileanna – bonneagar TFC*) maoineofar rochtain ar bhonneagar TFC, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt do scoileanna gléasanna digiteacha agus bogearraí digiteacha a sholáthar do scoláirí faoi mhíbhuntáiste.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meán Fómhair 2022.

<u>Infheistíocht: 2.4 Rogha freagartha ar líne don daonáireamh</u>

Is é is cuspóir don bheart feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bhailithe agus na hanailíse sonraí trí dhaonáirimh a dhigitiú. Laghdófar leis sin an t-ualach ar fhreagróirí na suirbhéanna agus an costas a bhaineann le sonraí a bhailiú. Is é an daonáireamh an t-aon oibríocht trína dtugtar léargas cuimsitheach ar dhálaí sóisialta agus maireachtála mhuintir na hÉireann. Leis an daonáireamh, soláthraítear faisnéis luachmhar do lucht déanta beartas chun beartais phoiblí ar ardchaighdeán a chruthú.

---

[2] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoraíocht Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[3] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh i ndáil le leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[4] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana féin, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach ó loisceoirí, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a soláthraítear fianaise ar leibhéal an ghléasra ina leith.

[5] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó chun iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola scartha chuig bithdhramhaíl mhúirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a soláthraítear fianaise ar leibhéal an ghléasra ina leith.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht ardán a fhorbairt do shealbhóirí tí chun a dtuairisceán daonáirimh a chomhlánú ar líne. Beidh acmhainneacht athúsáide leis an mbonneagar a úsáidfear maidir le haon bhailiú mórscála sonraí a dhéanfaidh údaráis phoiblí.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

<u>Infheistíocht: 2.5 Teicneolaíochtaí 5G a úsáid chun Éire níos glaise agus níos nuálaí a chur chun cinn</u>

Is é is cuspóir don bheart a áirithiú go n-uasmhéadóidh riaracháin phoiblí an tairbhe a bhaineann le teicneolaíochtaí 5G.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht ardán íseal-aga folaigh a chruthú ag a mbeidh cnámh droma ardluais ag baint úsáid as nóid imeall-ríomhaireachta chun freagairt níos tapúla a éascú. Déanfar éagsúlacht seirbhísí poiblí a fhorbairt, a thástáil agus a úsáid ina dhiaidh sin agus an t-ardán á úsáid, go háirithe maidir le cosaint an phobail agus fóirithint anachaine agus tástáil roimh infheistíocht do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

<u>Infheistíocht: 2.6 Sraith de thionscadail ríomhshláinte</u>

Is é is cuspóir don bheart tacú le digitiú chóras cúraim sláinte na hÉireann tríd an idir-inoibritheacht idir córais dhigiteacha éagsúla a fheabhsú.

Tá dhá fhobheart san infheistíocht. Leis an gcéad fhobheart *(2.6.1 Sraith de thionscadail ríomhshláinte – ríomhchógaisíocht)* tacófar le himlonnú córas ríomhchógaisíochta sna hospidéil go léir ospidéal in Éirinn. Leis an infheistíocht sin, cuirfear ar chumas na n-údarás faireachán níos fearr a dhéanamh ar úsáid agus ar chostais cógas, agus beifear ábalta córas soláthair cúraim comhtháite a chruthú ina mbeidh sonraí maidir le hoidis nasctha le taifid leictreonacha na n-othar. Leis an dara fobheart *(2.6.2 Sraith de thionscadail ríomhshláinte - córas comhtháite bainistíochta airgeadais)* tacófar le himlonnú córais chomhtháite bainistíochta airgeadais chun éifeachtúlachtaí airgeadais agus soláthair a sholáthar laistigh den chóras sláinte. Táthar ag súil go mbainfear é sin amach leis an gcóras comhtháite bainistíochta airgeadais trí léargas aonair a thabhairt ar gach ceannachán agus praghas sna hospidéil ar fad in Éirinn, agus táthar ag súil mar gheall air sin go mbeidh údaráis sláinte ábalta a gcleachtais soláthair phoiblí a bharrfheabhsú.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

<u>Athchóiriú: 2.7 Aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú</u>

Is é is cuspóir don bheart tacú le haistriú digiteach oideachas agus oiliúint na hÉireann ar gach leibhéal (scoileanna, oideachas treasach, foghlaim ar feadh an tsaoil), scileanna riachtanacha digiteacha a phríomhshruthú i ngach suíomh, agus dul i ngleic leis an mbaol go mbeidh bearna dhigiteach ann.

Tá an méid seo a leanas san athchóiriú: (i) Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2021-2027 arb é is aidhm di acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a bhaint amach; (ii) Straitéis 10 mBliana um Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach d'Aosaigh chun cuidiú le daoine aonair a litearthacht dhigiteach a fhorbairt; (iii) beart chun líon na gcéimithe a bhfuil scileanna ardleibhéil TFC acu a mhéadú; agus (iv) beart chun tacú leis an rochtain ar ghléasanna TFC, go háirithe trína chur ar chumas institiúidí breisoideachais agus ardoideachais ríomhairí glúine a sholáthar do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste.

## B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 53 | 2.1 Lárionad comhroinnte sonraí Rialtais a fhorbairt | Garsprioc | Síniú an chonartha chun an tsaoráid lárionaid sonraí a thógáil | Síniú an chonartha | - | - | - | R1 | 2022 | Beidh an conradh lena ndámhfar tógáil an fhoirgnimh, feistiú meicniúil agus leictreach an lárionaid sonraí sínithe. |
| 54 | 2.1 Lárionad comhroinnte sonraí Rialtais a fhorbairt | Garsprioc | Tógáil shaoráid an lárionaid sonraí a chur i gcrích | Críochnú na tógála | - | - | - | R2 | 2025 | Beidh comhpháirteanna uile ghléasra, mheicniúla agus leictreacha shaoráid an lárionaid sonraí críochnaithe agus beidh tástáil rathúil déanta orthu le chéile agus beidh an tsaoráid coimisiúnaithe agus tugtha ar láimh d'Oifig na nOibreacha Poiblí. |
| 55 | 2.1 Lárionad comhroinnte sonraí Rialtais a fhorbairt | Sprioc | Aistriú na bhfreastalaithe/seirbhísí chuig an lárionad sonraí nua Rialtais | - | Líon | 0 | 2 | R2 | 2026 | Beidh dhá fhreastalaí agus sheirbhís de chuideagraíochta rialtais ar a laghad aistrithe chuig an lárionad sonraí nua Rialtais.<br>De réir bhrí fhonóta 2 d'Iarscríbhinn VI agus fhonóta 7 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán 2021/241, beidh laghdú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa tsaolré mar thoradh ar an bpróiseáil sonraí trí laghduithe ar éifeachtacht úsáide cumhachta (PUE) seirbhísí agus comhlíonfaidh an tionscadal an Cód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh an Lárionaid sonraí. |
| 56 | 2.2 Aistriú Digiteach Fhiontair na hÉireann | Garsprioc | Seoladh na nglaonna ar thograí | Na glaonna ar thograí a fhoilsiú | - | - | - | R2 | 2022 | Beidh na glaonna tosaigh ar thograí ó Ghníomhaireachtaí Fiontar maidir le gach gné den chlár (amhail na scéimeanna dearbhán) foilsithe, agus beidh téarmaí tagartha leo lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirithítear go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. |
| 57 | 2.2 Aistriú Digiteach Fhiontair na hÉireann | Garsprioc | Beidh Moil Eorpacha um Nuálaíocht Dhigiteach curtha ar bun | Meastar go bhfuil na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha curtha ar bun | - | - | - | R3 | 2022 | Beidh ar a laghad dhá Mhol Nuálaíochta bunaithe maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach (EDIH) faoi Chlár an Choimisiúin Eorpaigh don Eoraip Dhigiteach chun aistriú digiteach FBManna, na seirbhíse poiblí agus an gheilleagair a chur chun cinn ar bhealach go forleathan.<br>Beidh ceithre EDIH Éireannacha ainmnithe chun dul ar aghaidh chuig glao srianta an Choimisiúin ar an líonra ar fud an Aontais. |
| 58 | 2.2 Aistriú Digiteach Fhiontair na hÉireann | Sprioc | Ceaduithe maidir le maoiniú don aistriú digiteach | - | Líon | 0 | 720 | R2 | 2026 | Beidh maoiniú faighte ag 720 cuideachta ar a laghad trí na Cláir um Dhigitiú a chur chun feidhme. |
| 59 | 2.3.1 Bonneagar Digiteach agus Maoiniú do Scoileanna - Nascacht | Sprioc | Scoileanna a nascadh leis an líonra leathanbhanda | - | Líon | 0 | 750 | R2 | 2022 | Beidh ródairí suiteáilte ag na Soláthraithe Seirbhíse Miondíola i 750 bunscoil ar a laghad. Beidh na scoileanna sin nasctha le líonra leathanbhanda scoileanna HEAnet. |
| 60 | 2.3.1 Bonneagar Digiteach agus Maoiniú do Scoileanna – Nascacht | Sprioc | Scoileanna a nascadh leis an líonra leathanbhanda | - | Líon | 750 | 990 | R3 | 2022 | Beidh ródairí suiteáilte ag na Soláthraithe Seirbhíse Miondíola i 990 bunscoil ar a laghad. Beidh na scoileanna sin nasctha le líonra leathanbhanda scoileanna HEAnet. |
| 61 | 2.3.2 Bonneagar | Garsprioc | Foilsiú na himlitreach do | Foilsiú na himlitreach do | - | - | - | R3 | 2021 | Beidh critéir um maoiniú agus sásraí an chláir tugtha chun críche agus curtha in iúl do scoileanna |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | Digiteach agus Maoiniú do Scoileanna – Bonneagar TFC | | scoileanna chun na critéir um maoiniú a chur in iúl | scoileanna | | | | | | trí imlitir a fhoilsiú do scoileanna. |
| 62 | 2.3.2 Bonneagar Digiteach agus Maoiniú do Scoileanna – Bonneagar TFC | Sprioc | Beidh maoiniú eisithe chuig bunscoileanna agus chuig iar-bhunscoileanna | - | Líon | 0 | 3 415 | C4 | 2021 | Beidh an maoiniú maidir le rochtain ar bhonneagar TFC faighte ag 3 415 bhunscoil agus iar-bhunscoil ar a laghad.<br>Gheobhaidh scoileanna maoiniú bunaithe ar phróifíl na scoile, lena n-áirítear tosca socheacnamaíocha, chun díriú ar fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. |
| 63 | 2.4 Rogha freagartha ar líne don daonáireamh | Garsprioc | Déantar tástáil ar an scéim phíolótach do bhailiú sonraí ar líne chun indéantacht a fhíorú | Tástáil ar scéim phíolótach an chórais bailithe sonraí ar líne | - | - | - | R3 | 2022 | Beidh scéim ar bhonn píolótach curtha chun feidhme agus curtha i gcrích chun an coincheap maidir le bailiú sonraí ar líne a thástáil. Is éard a bheidh i gceist leis na forbairt agus cur chun feidhme córais daonáirimh ar líne ar bhonn píolótach agus tástálacha a chur i gcrích lena fhíorú an bhféadfaí dul ar aghaidh i dtreo daonáireamh iomlán ar líne. |
| 64 | 2.4 Rogha freagartha ar líne don daonáireamh | Garsprioc | Tástálann sampla saoránach an cleachtadh bailithe sonraí ar líne | Tástáil arna déanamh ag sampla saoránach | - | - | - | R3 | 2024 | Beidh cleachtadh curtha chun feidhme agus curtha i gcrích chun feidhmiú ceart na saoráide bailithe sonraí ar líne a fhíorú. Beidh sé deimhnithe leis go n-oibríonn an tsaoráid bailithe sonraí ar líne ar bhealach atá éasca do shaoránaigh agus atá éifeachtach maidir le sonraí daonáirimh riachtanacha a bhailiú.<br>Áireofar leis sin rannpháirtíocht sampla saoránach. |
| 65 | 2.4 Rogha freagartha ar líne don daonáireamh | Garsprioc | Seoladh bhailiú sonraí ar líne an daonáirimh | Seoltar córas bailithe sonraí ar líne le húsáid ag saoránaigh ar an daonáireamh | - | - | - | R2 | 2026 | Beidh an córas bailithe sonraí beo ar líne chun bailiú sonraí daonáirimh do dhaonáireamh 2026 a éascú seolta, rud a chiallaíonn go mbeidh an córas beo curtha chun feidhme agus tástáilte ag an lároifig staidrimh. Críochnófar an garsprioc sin sula |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | gcuirfear an córas ar fáil do shaoránaigh lena úsáid ar an daonáireamh iarbhír. |
| 66 | 2.5 Teicneolaíochta í 5G a úsáid chun Éire níos glaise agus níos nuálaí a chur chun cinn | Sprioc | Ceannach 18 nód ríomhaireachta | - | Líon | 0 | 18 | C4 | 2023 | Beidh 18 nód ríomhaireachta ar a laghad ceannaithe i ndiaidh cleachtaí soláthair. |
| 67 | 2.5 Teicneolaíochta í 5G a úsáid chun Éire níos glaise agus níos nuálaí a chur chun cinn | Sprioc | Suiteáil nód ríomhaireachta | - | Líon | 0 | 18 | C4 | 2024 | Beidh 18 nód ríomhaireachta ar a laghad suiteáilte agus á n-úsáid ar an ardán. |
| 68 | 2.5 Teicneolaíochta í 5G a úsáid chun Éire níos glaise agus níos nuálaí a chur chun cinn | Garsprioc | Tástáil ar Chosaint an Phobail agus ar Fhóirithint Tubaiste | Céim na tástála | - | - | - | C4 | 2025 | Beidh tástáil na seirbhíse um Chosaint Phoiblí agus um Fhóirithint Anachaine agus an fhánaíocht uaithi ar líonra 5G iompróirí tráchtála curtha chun feidhme agus curtha i gcrích. Beidh na tástálacha sínithe ag an bhfoireann TF agus ag Cleachtóirí ó na Gníomhaireachtaí um Chosaint an Phobail agus um Fhóirithint Anachaine. |
| 69 | 2.6.1 Sraith de thionscadail ríomhshláinte – Ríomhchógaisíocht | Garsprioc | Dámhachtain na gconarthaí le haghaidh córais ríomhchógaisíochta | Dámhachtain na gconarthaí chun córas cógaisíochta digití a sholáthar d’ospidéil (ríomhchógaisíocht) | - | - | - | R3 | 2021 | Beidh an próiseas soláthair le haghaidh ríomhchógaisíochta curtha i gcrích agus beidh conarthaí soláthraithe sínithe. |

| Uimhir sheicheam hach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 70 | 2.6.1 Sraith de thionscadail ríomhshláinte – Ríomhchógaisíocht | Garsprioc | Tógáil agus cumraíocht na ríomhchógaisíochta a chríochnú | Tógáil agus cumraíocht críochnaithe | - | - | - | C4 | 2023 | Beidh tógáil agus cumraíocht na croífheidhmíochta TF theicniúil do réiteach digiteach ríomhchógaisíochta ospidéal críochnaithe. |
| 71 | 2.6.1 Sraith de thionscadail ríomhshláinte – Ríomhchógaisíocht | Sprioc | An chéad imlonnú ríomhchógaisíochta | - | Líon | 0 | 36 | C4 | 2025 | Beidh ríomhchógaisíocht feistithe i 36 ospidéal ar a laghad. |
| 72 | 2.6.2 Sraith de thionscadail ríomhshláinte - córas comhtháite bainistíochta airgeadais | Garsprioc | Tógáil agus cumraíocht an chórais chomhtháite bainistíochta airgeadais a chríochnú | Tógáil agus cumraíocht an chórais chomhtháite bainistíochta airgeadais a chríochnú | - | - | - | C4 | 2021 | Beidh dearadh, tógáil agus cumraíocht an chórais chomhtháite bainistíochta airgeadais críochnaithe chun ullmhú do thástáil córas. |
| 73 | 2.6.2 Sraith de thionscadail ríomhshláinte - córas comhtháite bainistíochta airgeadais | Sprioc | An chéad imlonnú den chóras comhtháite bainistíochta airgeadais | - | Líon | 0 | 24 | C4 | 2025 | Beidh an córas comhtháite bainistíochta airgeadais feistithe i 24 ionad ospidéil agus pobail ar a laghad. |
| 74 | 2.7 Aghaidh a thabhairt ar an mbearna | Garsprioc | Foilsiú na Straitéise Digití do scoileanna | Foilsiú na Straitéise Digití nua do scoileanna | - | - | - | C4 | 2021 | Beidh an Straitéis Dhigiteach do scoileanna foilsithe. Tabharfar breac-chuntas inti ar bheartas na Roinne Oideachais maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san |

| Uimhir sheicheam hach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú | | | | | | | | | fhoghlaim agus sa mheasúnú a leabú i gcóras scoileanna na hÉireann, lena n-áirítear cuspóirí agus tosaíochtaí beartais, agus gníomhaíochtaí a dhéanfar chun na torthaí riachtanacha a bhaint amach de réir na gcuspóirí. |
| 75 | 2.7 Aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú | Sprioc | Méadú ar líon na gcéimithe a mbeidh scileanna ardleibhéil TFC acu | - | Líon | 7 450 | 12 450 | C4 | 2022 | Bainfidh 5 000 foghlaimeoir breise ar a laghad (a chomhfhreagraíonn do mhéadú 65 %) céim amach in 2022 le scileanna ardleibhéil TFC. Áireofar ar na scileanna sin ríomhaireacht agus innealtóireacht leictreonach agus leictreach agus saineofar iad mar NFQ Leibhéal 6 nó níos airde. |
| 76 | 2.7 Aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú | Garsprioc | Straitéis 10 mBliana maidir le scileanna d'aosaigh a fhoilsiú | Straitéis 10 mBliana um Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach d'Aosaigh a fhoilsiú | - | - | - | R3 | 2021 | Beidh glactha leis an Straitéis 10 mbliana um Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach d'Aosaigh agus beidh sí foilsithe. Leagfar síos léi spriocanna maidir le bunlitearthacht dhigiteach a ghnóthú. |
| 77 | 2.7 Aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú | Sprioc | Beidh gléasanna TFC tugtha do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste | - | Líon | 0 | 20 000 | C4 | 2021 | Beidh 20 000 ríomhaire glúine ar a laghad soláthartha do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste sa bhreisoideachas agus san ardoideachas. Tarraingeofar suas na sonraíochtaí ríomhaire glúine i gcomhar le saineolaithe ábhair ó institiúidí ardoideachais nó breisoideachais, agus beidh na gléasanna oiriúnach i gcomhthéacs an tsoláthair ardoideachais agus breisoideachais. |

## C. COMHPHÁIRT 3: TÉARNAMH SÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCH AGUS CRUTHÚ POST

Cuireann an ghné seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo a leanas: (i) an gá straitéisí maidir le gníomhachtú a chothú; (ii) an gá aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus an lucht saothair a ullmhú don aistriú glas agus don aistriú digiteach; (iii) an gá bacainní rialála ar an bhfiontraíocht a ísliú; (iv) an gá an creat um sciúradh airgid a chomhrac a neartú; (v) an gá aghaidh a thabhairt ar ghnéithe den chóras cánach lena n-éascaítear pleanáil ionsaitheach cánach; (vi) an gá pleananna athchóirithe pinsin a chur chun feidhme go hiomlán; (vii) an gá aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sa soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainneacht tithíochta a fheabhsú; agus (viii) an gá inrochtaineacht, athléimneacht agus cost-éifeachtúlacht an chórais cúraim sláinte a fheabhsú.

Is iad seo a leanas na cuspóirí leis an gcomhpháirt: (i) daoine dífhostaithe a choinneáil gar don mhargadh saothair; (ii) lucht saothair na hÉireann a ullmhú leis na scileanna riachtanacha a dhírítear ar an todhchaí a sholáthar a theastaíonn chun borradh a chur faoi nuálaíocht agus faoi tháirgiúlacht na hearnála fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) agus le scileanna a chun tacú le gníomhú ar son na haeráide; agus (iii) cur leis an gcreat foriomlán beartais shóisialta agus eacnamaíoch a neartú chun cuidiú le timpeallacht a chruthú a chuideoidh le hinfheistíochtaí i dtacaíocht agus uas-sciliú um ghníomhachtú a uasmhéadú.

Cuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fostaíocht trí thacaíocht ghníomhach chomhtháthaithe agus uas-sciliú (moltaí tírshonracha 2 in 2019 agus 2020), bacainní rialála ar an bhfiontraíocht (moladh tírshonrach 3 in 2019), sciúradh airgid a chomhrac (moladh tírshonrach 4 in 2020), pleanáil ionsaitheach cánach (moltaí tírshonracha 1 in 2019, agus 4 in 2020), pinsin (moladh tírshonrach 1 in 2019), tithíocht shóisialta agus inacmhainne (moltaí tírshonracha 3 in 2019, agus 2 in 2020) agus cúram sláinte (moltaí tírshonracha 1 in 2019 agus 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

### C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: 3.2 Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh Solas

Is é is cuspóir don bheart tacú le hathsciliú agus uas-sciliú oibrithe chun dúshláin gheilleagar agus mhargadh saothair nua-aimseartha na hÉireann a chur san áireamh.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht réimse clár breise oideachais agus oiliúna a fhorbairt mar chuid den chlár ‘Scileanna chun dul san iomaíocht’ agus an clár ‘Gníomhaíocht um Scileanna Glasa Solas’ a chur ar bun go foirmiúil. Is iad na Boird Oideachais agus Oiliúna a dhéanfaidh cláir agus modúil oiliúna a bhainistiú. Díreoidh siad go háirithe ar scileanna atá ábhartha don dá aistriú agus do sprioc-earnálacha a bhfuil deiseanna fostaíochta iontu, amhail ríomhchlár theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC), tógáil ghlas agus maolú ar an athrú aeráide.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht: 3.3 Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta

Is é is cuspóir don bheart cumas a fhorbairt san oideachas agus san oiliúint in ollscoileanna teicneolaíochta.

Baineann an infheistíocht le Ciste Aistrithe na nOllscoileanna Teicniúla (TUTF) a mhéadú chun roinnt tionscadal a mhaoiniú faoi 'chlár tiomnaithe um Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna TUTF'. Roghnófar na tionscadail sin i ndiaidh glao ar thograí a dhírítear ar na cúig ollscoil teicneolaíochta nua agus na cúig ollscoil teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn. Áireofar leo tionscadail a bhaineann le (i) scileanna agus forbairt foirne, (ii) athchóiriú curaclaim agus teagaisc agus foghlama, (iii) scileanna le haghaidh forbairt réigiúnach agus le haghaidh FBManna, fiontraíochta agus rannpháirtíocht shóisialta, (iv) bonneagar digiteach agus cumasúcháin, agus (v) seirbhísí digiteacha ollscoileanna teicneolaíochta a chomhroinntear go náisiúnta. Beidh tograí faoi réir critéir shonracha maidir le comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách.

Lena áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[6]; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí AE (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[7]; (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[8] agus ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla[9]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola díobháil a dhéanamh don chomhshaol. Ina theannta sin, ceanglófar leis na téarmaí tagartha nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Nollaig 2024.

<u>Athchóiriú: 3.4 Bacainní Rialála ar an bhFiontraíocht a Laghdú</u>

Is é is cuspóir don bheart fáil réidh le bacainní rialála neamhriachtanacha do FBManna maidir lena ngnó a chur ar bun agus a fhás.

Is éard atá san athchóiriú ná dearadh, cur chun feidhme agus fíorú chur i bhfeidhm thástáil na FBManna. Beidh ceithre chéim sa tástáil FBManna a bheidh le breithniú ag an lucht ceaptha beartas: (i) comhairliúchán le páirtithe leasmhara FBManna, (ii) gnólachtaí dá ndéantar difear a shainaithint, (iii) an tionchar ar FBManna a thomhas, agus (iv) measúnú ar shásraí malartacha agus ar bhearta maolaitheacha. Ina theannta sin, is éard atá san athchóiriú tuarascáil tionscadail a fhoilsiú

---

[6] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[7] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh i ndáil le leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[8] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana féin, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach ó loisceoirí, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a soláthraítear fianaise ar leibhéal an ghléasra ina leith.

[9] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó chun iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola scartha chuig bithdhramhaíl mhúirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a soláthraítear fianaise ar leibhéal an ghléasra ina leith.

maidir le Tairseach aonair FBManna a fhorbairt chun cúnamh agus tacaíochtaí a sholáthar do FBManna.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 31 Márta 2023.

Athchóiriú: 3.5 Sciúradh Airgid a Chomhrac

Is é is cuspóir don bheart creat na hÉireann um sciúradh airgid a chomhrac a neartú.

Is éard atá san athchóiriú measúnú riosca earnála ar sholáthraithe seirbhísí iontaobhais nó cuideachta (TCSPanna) a fhoilsiú ar bhonn earnála maidir le sciúradh airgid a chomhrac/maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Treiseofar foireann an Aonaid um Chomhlíontacht Fhrithsciúrtha Airgid (AMLCU) sa Roinn Dlí agus Cirt, go háirithe d'fhonn líon níos mó cigireachtaí a dhéanamh ar TCSPanna. Breithneoidh cigireachtaí oibleagáidí dlíthiúla TCSPanna lena n-áirítear: raon feidhme an údaraithe; measúnú riosca gnó; measúnú riosca do chustaiméirí; beartais agus nósanna imeachta; oiliúint agus teagasc foirne; dícheall cuí do chustaiméirí agus úinéireacht thairbhiúil cliant; tuairisciú amhrasach idirbheart. Ina theannta sin, cuirfidh AMLCU meitheal ar bun, agus cuirfidh an mheitheal tuarascáil athbhreithnithe faoi bhráid an Rialtais, maidir leis an bhféidearthacht an reachtaíocht phríomhúil a leasú chun an fhoireann uirlisí rialála a leathnú d'fhonn córas smachtbhannaí airgeadais riaracháin a áireamh, lena n-áirítear moltaí maidir le leathnú den sórt sin ar an tsraith uirlisí rialála i gcás ina meastar ina meastar go bhfuil sé sin indéanta. Tiocfaidh reachtaíocht nua i bhfeidhm arb é is aidhm di aon mholtaí ó thuarascáil na meithle a oibríochtú.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú: 3.6 Pleanáil Ionsaitheach Cánach

Is é is cuspóir don bheart bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm chun teorainn a chur le deiseanna le haghaidh pleanáil ionsaitheach cánach, go háirithe neamhchánachas dúbailte trí íocaíochtaí amach.

Tá an méid seo a leanas san athchóiriú: (i) leasú ar an reachtaíocht maidir le liúntais chaipitiúla le haghaidh sócmhainní doláimhsithe, treoir maidir le hathchóiriú ar shainchónaí cánach corparáide agus teacht i bhfeidhm rialacha feabhsaithe maidir le Corparáidí faoi Rialú Eachtrach. Maidir le híocaíochtaí amach, áirítear san athchóiriú freisin (ii) foilsiú anailíse eacnamaíche ag conraitheoir seachtrach neamhspleách ar thionchar na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí a bhfuil tionchar acu ar shreafaí íocaíochta; (iii) comhairliúchán poiblí maidir leis an bhféidearthacht go dtabharfaí bearta isteach maidir le híocaíochtaí amach; agus (iv) teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun nach gcuirfear neamhchánachas dúbailte i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí amach i dtreo dlínsí ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha, de dhlínsí gan cháin agus de dhlínsí cánach nialasaí. Áireofar sna bearta reachtacha sin cánacha siarchoinneálacha nó neamh-inasbhainteacht íocaíochtaí amach. I gcás díbhinní, áireofar ar bhearta cánacha siarchoinneálacha ós rud é nach féidir díbhinní a asbhaint.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 31 Márta 2024.

Athchóiriú: 3.7 Pinsin

Is é is cuspóir don bheart tírdhreach na bpinsean forlíontach a shimpliú agus a chomhchuibhiú.

Is éard atá san athchóiriú bearta reachtacha a thacóidh le comhchuibhiú chóireáil cánach na ranníocaíochtaí fostóirí agus a chuideoidh leis an bpróiseas íostarraingthe a shimpliú. Is éard atá sa chéad bheart riail a bhaint lena dtoirmisctear aistriú scéimeanna ceirde an dara colúin chuig cuntais choigiltis scoir phearsanta an tríú colúin (CCSPanna), i gcás gur 15 bliana nó níos mó seirbhís

cháilitheach an duine aonair. Áirítear leis an dara beart deireadh a chur leis an muirear sochair comhchineáil ar ranníocaíochtaí fostóra le pinsean fostaí. Leis an tríú beart d'fhéadfaí go gcuirfí deireadh leis an 'gciste scoir íosta ceadaithe'.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú: 3.8 Soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú

Is é is cuspóir don bheart soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú.

Is éard atá san athchóiriú ná teacht i bhfeidhm na Gníomhaireachta Forbartha Talún (LDA) mar ghníomhaireacht stáit tráchtála mar a fhoráiltear faoin Acht LDA. Cuimsítear leis freisin teacht i bhfeidhm an Achta um Thithíocht Inacmhainne. Soláthrófar aonaid tithíochta faoi na scéimeanna éagsúla arna mbunú leis an athchóiriú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh. Go sonrach, déanfar 70 % ar a laghad (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, lena hathchúrsáil nó le haghaidh aisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú: 3.9 Sláinte

Is é is cuspóir don bheart dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an chláir athchóirithe Sláintecare chun rannchuidiú le córas cúraim sláinte aonchéime uilíoch a bhaint amach ina mbeidh rochtain chomhionann ag gach duine ar sheirbhísí bunaithe ar riachtanas beag beann ar an gcumas íocaíocht a dhéanamh.

Is éard atá san athchóiriú Conradh Comhairleach Sláintecare a chur i bhfeidhm. Beidh an Conradh Comhairleach Sláintecare ina chonradh fostaíochta 'poiblí amháin' do chomhairleoirí, gan aon fhoráil ann maidir le haon chleachtas príobháideach, ar an láthair ná lasmuigh den láthair, agus tabharfar isteach leis tuarastal méadaithe os cionn na leibhéal tuarastail atá ann cheana d'iontrálaithe nua. Cuimsítear leis an athchóiriú freisin 96 Líonra Sláinte Pobail a oibriú chun seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil a phleanáil agus a sholáthar ar bhealach struchtúrtha. Ar deireadh, cuimsítear leis freisin rannpháirtíocht líon atá ag méadú d'othair i gClár Bainistíochta Galar Ainsealach a áirithiú.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 31 Nollaig 2023.

## C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamh ach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 80 | 3.2 Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh Solas | Garsprioc | Deiseanna soláthair scileanna a fhorbairt faoin gclár 'Scileanna chun Dul san Iomaíocht' | Deiseanna soláthair scileanna atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí lena n-áit a chur in áirithe | - | - | - | R3 | 2021 | Beidh deiseanna soláthair scileanna 'Scileanna chun dul san Iomaíocht' curtha ar fáil lena gcur in áirithe. Áireofar leo deiseanna i réimsí (i) scileanna digiteacha, (ii) scileanna infhostaitheachta (trasnaí) agus (iii) scileanna earnáilsonracha. |
| 81 | 3.2 Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh Solas | Garsprioc | Deiseanna maidir le soláthar agus modúil scileanna glasa agus a fhorbairt | Tá deiseanna maidir le modúil agus soláthar scileanna glasa ar fáil le haghaidh clárú | - | - | - | C4 | 2021 | Beidh deiseanna maidir le modúil agus soláthar scileanna glasa agus curtha ar fáil lena gcur in áirithe. Cumhdófar réimsí scileanna sonracha ar a laghad i bhFoirgnimh agus iarfheistiú atá beagnach saor ó Astaíochtaí agus sraith scileanna glasa d'uas-sciliú agus d'athsciliú. Go sonrach, áireofar leis na deiseanna oiliúint i scileanna sonracha lena bhféadfadh cur i bhfeidhm caighdeán níos airde ná NZEB a éascú.<br>Áiritheofar comhlíonadh Threoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na deiseanna modúl agus soláthair:<br>- Gníomhaíochtaí a bhaineann le diúscairt dramhaíola i líonadh talún nó loisceoirí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol,<br>- Gníomhaíochtaí a bhaineann le breosla iontaise (tugtar faoi deara, áfach, go bhféadfadh sé go ndíreofaí gníomhaíochtaí um sholáthar scileanna ar athsciliú oibrithe gléasraí móna chun deis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i gcineálacha éagsúla gníomhaíochtaí nach bhfuil cumhdaithe sa liosta eisiaimh sin), agus<br>- Gníomhaíochtaí i gcás ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar fadtéarmach a dhéanamh don chomhshaol. |
| 82 | 3.2 Clár Freagartha | Sprioc | Rannpháirtíocht i gClár | - | Líon | 0 | 81250 | C4 | 2024 | Líon na rannpháirtithe atá cláraithe ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh i gceann amháin ar a laghad den soláthar agus |

| Uimhir sheicheamh ach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | Scileanna Téarnaimh Solas | | Gníomhaíochta Scileanna Glasa agus Rannpháirtíocht Scileanna chun Dul san Iomaíocht | | | | | | | modúil scileanna faoi Chlár Gníomhaíochta Scileanna Glasa Solas agus faoin Tionscnamh Scileanna chun Dul san Iomaíocht. I gcásanna ina gcláraíonn daoine aonair i ndeiseanna agus/nó i modúil um sholáthar scileanna iomadúla, ní eisiatar an rannpháirtíocht iomadúil sin. Is sprioc aonair é sin do Chlár Gníomhaíochta Scileanna Glasa Solas agus don Tionscnamh Scileanna chun Dul san Iomaíocht le chéile, agus ní áirítear fo-spriocanna do chláir nó do thionscnaimh aonair |
| 83 | 3.2 Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh Solas | Sprioc | Sciar na mban atá cláraithe sa Tionscnamh Scileanna chun Dul san Iomaíocht | - | Céatadán | 0 | 50 | C4 | 2024 | Sciar na rannpháirtithe baineanna (i ndáil le líon iomlán na rannpháirtithe mar atá ríofa do Sprioc 82) atá cláraithe i gceann amháin ar a laghad de na deiseanna soláthair scileanna faoin Tionscnamh Scileanna chun Dul san Iomaíocht |
| 84 | 3.3 Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta | Garsprioc | Deontais tionscadail arna ndámhachtain faoin gclár um Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna | Síníonn iarratasóirí rathúla comhaontuithe deontais tionscadail | - | - | - | R1 | 2022 | Beidh gach comhaontú deontais faoin gclár um Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna sínithe ag iarratasóirí rathúla, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. Cuimseofar le gach comhaontú deontais an méid airgeadais a leithdháilfear ar an iarratasóir rathúil (ollscoil teicneolaíochta (OT) nó cuibhreannas forbartha OT) agus sonraí faoin tionscadal agus faoin amlíne. Beidh sé léirithe go soiléir i ngach togra an dóigh ar cuireadh comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna san áireamh agus an t-iarratas á dhéanamh, na gníomhaíochtaí sonracha a dhéanfar, soláthar sonraí díchomhiomlánaithe inscne agus comhionannais maidir le tairbhithe beart, agus conas a bheidh na gníomhaíochtaí sin ag teacht le pleananna gníomhaíochta inscne institiúideacha. |

| Uimhir sheicheamh ach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | Sonrófar le gach comhaontú deontais go ndéanfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas íocaíochtaí céime faoi réir táirgí insoláthartha agus critéir a bhaint amach i gcomhair tionscadail fhormheasta.<br>Tiocfaidh na tionscadail faoi cheann de na catagóirí seo a leanas:<br>- scileanna agus forbairt foirne,<br>- athchóiriú curaclaim agus teagaisc agus foghlama,<br>- scileanna le haghaidh forbairt réigiúnach agus le haghaidh rannpháirtíocht FBManna, rannpháirtíocht fiontar agus rannpháirtíocht shóisialta<br>- bonneagar digiteach agus cumasúcháin,<br>- seirbhísí digiteacha OT a chomhroinntear go náisiúnta. |
| 85 | 3.3<br>Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta | Garsprioc | Formheas na dtuarascálacha tionscadail | Beidh tuarascálacha tionscadail sínithe ag an Údarás um Ard-Oideachas | - | - | - | C4 | 2024 | Beidh gach tuarascáil deiridh ar thionscadail faoin gClár um Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna formheasta ag an Údarás um Ard-Oideachas. Leis na tuarascálacha deiridh ar thionscadail, tomhaisfear an dul chun cinn maidir le táirgí insoláthartha a bhaint amach agus maidir le critéir bhunaidh a urramú i gcomhair tionscadail fhormheasta, lena n-áirítear critéir maidir le DNSH, comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna a chomhlíonadh. |
| 86 | 3.3<br>Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta | Sprioc | Go mbeidh páirt glactha ag gach ball foirne de chuid na gcúig Ollscoil Teicneolaíochta i ngníomhaíochtaí uas-scilithe agus forbartha | - | Líon | 0 | 4 000 | R2 | 2024 | Beidh páirt glactha ag 4 000 ball foirne ar a laghad ó gach ceann de na cúig ollscoil teicneolaíochta i ngníomhaíochtaí uas-scilithe agus forbartha arna maoiniú faoi thionscadail an chláir um Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna dá dtagraítear i ngarsprioc 84. |
| 87 | 3.3<br>Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta | Sprioc | Beidh mic léinn na gcúig ollscoil teicneolaíochta ar fad cláraithe i | - | Líon | 0 | 9 600 | R2 | 2024 | Beidh 9 600 mac léinn ar a laghad ó gach ceann de na cúig ollscoil teicneolaíochta cláraithe i gcuraclam nua nó i gcuraclam leasaithe nó beidh páirt glactha acu i ngníomhaíochtaí oiliúna nó foghlama nua nó leasaithe |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | gcuraclam nua nó i gcuraclam leasaithe nó beidh tairbhe bainte acu as gníomhaíochtaí oiliúna nó foghlama nua nó leasaithe | | | | | | | arna maoiniú faoi thionscadail an chláir um Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna dá dtagraítear i ngarsprioc 84. |
| 88 | 3.4 Bacainní Rialála ar an bhFiontraíocht a Laghdú | Garsprioc | Foilsiú cláir maidir le cur chun feidhme na Tástála FBManna agus teachtaireacht chuig gach roinn Rialtais | Clár gníomhaíochtaí a fhoilsiú agus teachtaireacht maidir le cur chun feidhme na Tástála FBManna a eisiúint chuig gach Roinn Rialtais | - | - | - | R1 | 2022 | Beidh clár gníomhaíochtaí chun an Tástáil FBManna a chur chun feidhme, agus é mar chuspóir leis deireadh a chur le bacainní rialála neamhriachtanacha do FBManna foilsithe. Sonrófar sa chlár amlíne shoiléir agus cuspóirí soiléire don tástáil FBManna.<br>Beidh Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme na Tástála FBManna eisithe freisin chuig gach roinn Rialtais, ina mbeidh sé iarrtha go gcuirfear an Tástáil FBManna i bhfeidhm go hiomlán maidir leis an reachtaíocht ábhartha go léir. |
| 89 | 3.4 Bacainní Rialála ar an bhFiontraíocht a Laghdú | Garsprioc | Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile a sainaithníodh chun glacadh comhsheasmhach na Tástála FBManna ar fud an Rialtais a áirithiú | Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile a sainaithníodh chun glacadh comhsheasmhach na Tástála FBManna ar fud an Rialtais a áirithiú, lena n-áirítear bunú líonra agus creat tuairiscithe | - | - | - | R2 | 2022 | Beidh gach gníomhaíocht a sainaithníodh sa chlár gníomhaíochtaí a leagtar amach i ngarsprioc 88 curtha chun feidhme de réir na hamlíne a shainítear sa chlár sin.<br>Beidh líonra curtha ar bun agus cuimseofar ann comhalta ainmnithe ó gach Roinn Rialtais, mura mbeidh bonn cirt cuí tugtha ag Roinn áirithe gan comhalta a ainmniú.<br>Beidh creat tuairiscithe curtha ar bun agus éascófar leis faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Tástála FBManna ar fud an Rialtais. |
| 90 | 3.4 Bacainní Rialála | Sprioc | Ranna Rialtais a bhfuil an tástáil | - | Líon | 0 | 5 | R1 | 2023 | Beidh an Tástáil FBManna curtha i bhfeidhm ag cúig Roinn Rialtais eile ar a laghad uair amháin ar a laghad in |

| Uimhir sheicheamh ach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | ar an bhFiontraíocht a Laghdú | | FBManna curtha i bhfeidhm acu | | | | | | | 2022 i gcomparáid le 2020 i gcás nár chuir aon Roinn Rialtais an Tástáil FBManna i bhfeidhm uair amháin ar a laghad. Léireofar é sin leis na sonraí maidir le cur i bhfeidhm na Tástála FBManna a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin láraithe tiomnaithe. |
| 91 | 3.5 Sciúradh Airgid a Chomhrac | Sprioc | Cigireachtaí ar Sholáthraithe Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta (TCSPanna) arna ndéanamh ag an Aonad um Chomhlíonadh Frithsciúrtha Airgid (AMLCU) | - | Líon | 0 | 120 | C4 | 2021 | Déanfaidh imscrúdaitheoirí rialála AMLCU 120 cigireacht ar a laghad ar TCSPanna (ar an láthair nó go cianda). Beidh beirt bhall foirne breise ar a laghad earcaithe ag AMLCU in 2021, lena n-áirítear duine amháin ar a laghad ag a mbeidh sainscileanna sa chuntasaíocht fhóiréinseach, chun cuidiú le maoirseacht a dhéanamh ar TCSPanna agus iad a bhainistiú. Beidh oibleagáidí dlíthiúla TCSPanna breithnithe sna cigireachtaí, lena n-áirítear: raon feidhme an údaraithe; measúnú riosca gnó; measúnú riosca do chustaiméirí; beartais agus nósanna imeachta; oiliúint agus teagasc foirne; dícheall cuí do chustaiméirí agus úinéireacht thairbhiúil cliant; tuairisciú amhrasach idirbheart.<br>I ndiaidh cigireachta, beidh an TCSP rátáilte mar TCSP ardriosca, meánriosca go hardriosca, meánriosca go hísealriosca nó ísealriosca agus beidh cuirfear bonn eolais leis sin ar fad faoi leibhéal na gcigireachtaí a dhéanfar amach anseo. |
| 92 | 3.5 Sciúradh Airgid a Chomhrac | Garsprioc | Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith uirlisí um fhorfheidhmiú Rialála faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith uirlisí um fhorfheidhmiú Rialála faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010, lena n-áirítear moltaí | - | - | - | C4 | 2021 | Beidh an tuarascáil athbhreithnithe ar an bhféidearthacht go ndéanfaí an reachtaíocht phríomha a leasú chun an fhoireann uirlisí rialála a leathnú chun córas smachtbhannaí airgeadais riaracháin a chuimsiú, lena n-áirítear moltaí i dtreo leathnú den sórt sin ar an bhfoireann uirlisí rialála i gcás ina meastar go bhfuil sé sin indéanta, curtha faoi bhráid an Rialtais ag an ngrúpa oibre. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | maidir leis an tsraith straitéisí a leathnú chun córas smachtbhannaí airgeadais riaracháin a chur san áireamh | | | | | | |
| 93 | 3.5 Sciúradh Airgid a Chomhrac | Garsprioc | Measúnú Riosca Earnála ar Sholáthraithe Seirbhísí Iontaobhais nó Cuideachta (TCSPanna) a fhoilsiú maidir le sciúradh airgid a chomhrac/maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | Measúnú Riosca Earnála ar Sholáthraithe Seirbhísí Iontaobhais nó Cuideachta (TCSPanna) a fhoilsiú maidir le sciúradh airgid a chomhrac/maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac | - | - | - | R1 | 2022 | Beidh Measúnú Riosca Earnála ar Sholáthraithe Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta (TCSPanna) arna dhéanamh ag an gCoiste Stiúrtha um Sciúradh Airgid a Chomhrac (AMLSC) foilsithe. Beidh an anailís sa mheasúnú riosca bunaithe ar fhreagraí a gheofar ar cheistneoir mionsonraithe a eiseofar chuig gach maoirseoir ábhartha TCSP. Is í an mhodheolaíocht a chuirfear i bhfeidhm sa mheasúnú sin an mhodheolaíocht a mholfaidh an Coimisiún Eorpach, arna cur i bhfeidhm i measúnú riosca fornáisiúnta an Choimisiúin Eorpaigh. |
| 94 | 3.5 Sciúradh Airgid a Chomhrac | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena n-oibríochtaítear aon mholadh i dtreo smachtbhannaí airgeadais ó thuarascáil na meithle | Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta | - | - | - | R2 | 2023 | Beidh an reachtaíocht tagtha i bhfeidhm. Beidh aon mholadh ó thuarascáil na meithle a luaitear i ngarsprioc 92 oibríochtaithe i dtreo an fhoireann uirlisí rialála a leathnú chun córas smachtbhannaí airgeadais riaracháin a chur san áireamh. |
| 95 | 3.6 Pleanáil Ionsaitheach | Garsprioc | Liúntais chaipitiúla ar shócmhainní | Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear teacht i | - | - | - | R3 | 2020 | Beidh an reachtaíocht tagtha i bhfeidhm. Beidh lamháltais chaipitil leasaithe ar shócmhainní doláimhsithe léi chun foráil a dhéanamh go bhfuil na sócmhainní go |

| Uimhir sheicheamh ach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | Cánach | | doláimhsithe a leasú | bhfeidhm na reachtaíochta | | | | | | léir a fuarthas ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go hiomlán laistigh de raon feidhme na rialacha maidir le muirir a chothromú i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. |
| 96 | 3.6 Pleanáil Ionsaitheach Cánach | Garsprioc | Athchóiriú ar shainchónaí Cánach Corparáide agus rialacha feabhsaithe cuideachtaí eachtracha rialaithe (CFC) a bhfuil feidhm acu maidir le liosta na ndlínsí neamh-chomhoibríocha | Imlitir agus foráil sa reachtaíocht lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta a fhoilsiú | - | - | - | R1 | 2021 | Imlitir a fhoilsiú maidir le leasú rialacha cónaitheachta cánach corparáide na hÉireann ionas nach mbeidh cuideachtaí corpraithe Éireannacha gan stát chun críocha cánach agus chun struchtúir (amhail struchtúir 'dhúbailte Éireannacha' mar a thugtar orthu) a dearadh chun leas a bhaint as bearnaí i rialacha frithsheachanta na Stát Aontaithe. Beidh rialacha CFC feabhsaithe leis an reachtaíocht a mbeidh feidhm acu maidir le liosta na ndlínsí neamh-chomhoibríocha, a sháraíonn na híoscheanglais le haghaidh ATAD i gCuid 35B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, maidir le cuideachtaí eachtracha rialaithe ('CFCanna'). In alt 835YA, dífheidhmeofar alt 835T (díolúine an ráta cánach Éifeachtaí), roinn 835U (díolúine an chorrlaigh brabúis Ísil) agus roinn 835V (díolúine an bhrabúis cuntasaíochta Ísil) ionas nach bhféadfaidh cuideachtaí a bhfuil a sainchónaí in Éirinn agus a bhfuil CFC aici a bhfuil a sainchónaí i ndlínse a áirítear ar liosta Chód Iompair an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach i dtréimhse chuntasaíochta de chuid an CFC leas a bhaint as na díolúintí thuasluaite. |
| 97 | 3.6 Pleanáil Ionsaitheach Cánach | Garsprioc | Anailís eacnamaíoch a dhéanamh ar shreafaí íocaíochta amach agus ar athchóirithe a rinneadh le déanaí agus ar chomhairliúchán | Anailís eacnamaíoch a fhoilsiú ar shreafaí íocaíochta amach agus ar athchóirithe a rinneadh le déanaí agus ar achoimre ar | - | - | - | C4 | 2021 | Beidh an anailís eacnamaíoch a dhéanfaidh conraitheoir seachtrach neamhspleách foilsithe. Beidh scrúdú déanta inti ar shreafaí íocaíochta (lena n-áirítear ús, ríchíosanna agus díbhinní chuig/ó Bhallstáit an Aontais agus ó dhlínsí neamh-AE, lena n-áirítear lárionaid airgeadais amach ón gcósta) agus ar thionchar praiticiúil chur chun feidhme na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí ar chód cánach corparáide na hÉireann, agus príomh-athchóirithe i ndlínsí eile, go háirithe sna Stáit Aontaithe, ar na sreafaí sin. |

| Uimhir sheicheamh ach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | poiblí maidir le bearta a bhaineann le híocaíochtaí amach | chomhairliúchán poiblí a fhoilsiú maidir le bearta a bhaineann le híocaíochtaí amach | | | | | | Beidh comhairliúchán poiblí curtha i gcrích freisin maidir leis an bhféidearthacht go dtabharfaí bearta isteach a bhaineann le híocaíochtaí amach agus beidh siad foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais. Cuirfear tús leis an gcomhairliúchán le haghaidh ionchur páirtithe leasmhara ar feadh tréimhse sé seachtaine ar a laghad. Áireofar leis na bearta arna mbreithniú sa chomhairliúchán poiblí cánacha siarchoinneálacha a chur i bhfeidhm agus neamh-inasbhainteacht íocaíochtaí amach a thabhairt isteach. |
| 98 | 3.6 Pleanáil Ionsaitheach Cánach | Garsprioc | Reachtaíocht a thabhairt isteach i ndáil le híocaíochtaí amach chun cosc a chur ar neamhchánachas dúbailte | Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta | - | - | - | R1 | 2024 | Beidh an reachtaíocht tagtha i bhfeidhm. Beidh feidhm aici maidir le híocaíochtaí amach (úis, ríchíosanna agus díbhinní) chun neamhchánachas dúbailte a chosc, a bhfuil feidhm aici freisin taobh amuigh de na tíortha atá liostaithe ar liosta an Aontais de dhlínsí cánach neamh-chomhoibríocha, lena n-áirítear gach dlínse gan cháin agus dlínse cánach nialasaí. Áireofar leis na bearta sin cánacha siarchoinneálacha nó neamh-inasbhainteacht íocaíochtaí amach. I gcás díbhinní, áireofar ar bhearta cánacha siarchoinneálacha ós rud é nach féidir díbhinní a asbhaint. |
| 99 | 3.7 Pinsin | Garsprioc | Tuarascáil ar thírdhreach na bpinsean forlíontach | Tuarascáil ón nGrúpa Idir-rannach um Athchóiriú agus um Chánachas Pinsean a fhoilsiú chun cuidiú le tírdhreach na bpinsean forlíontach a shimpliú agus a chomhchuibhiú | - | - | - | C4 | 2020 | Beidh tuarascáil ón nGrúpa Idir-rannach um Athchóiriú agus um Chánachas Pinsean foilsithe. Beidh roinnt moltaí curtha i láthair aige maidir le conas an sprioc maidir le tírdhreach na bpinsean forlíontach a shimpliú agus a chomhchuibhiú a chur chun cinn. |
| 100 | 3.7 Pinsin | Garsprioc | Bearta reachtacha chun tírdhreach | Foráil sa reachtaíocht lena | - | - | - | C4 | 2022 | Beidh an reachtaíocht tagtha i bhfeidhm. Beidh roinnt rialacha cánach pinsin forlíontacha simplithe agus |

| Uimhir sheicheamh ach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | an phinsin fhorlíontaigh a shimpliú agus a chomhchuibhiú | sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta | | | | | | comhchuibhithe léi, de réir roinnt moltaí sonracha sa tuarascáil a luaitear i ngarsprioc 99. Tacóidh sé sin le comhchuibhiú na dtáirgí pinsean agus scéimeanna pinsean ceirde ar fad, lena n-áirítear cóireáil cánach na ranníocaíochtaí fostóirí le pinsin fostaithe, agus cuirfidh sé leis an bpróiseas íostarraingthe a shimpliú freisin. |
| 101 | 3.8 Soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na Gníomhaireachta Forbartha Talún mar ghníomhaireacht stáit tráchtála | Teacht i bhfeidhm na Gníomhaireachta Forbartha Talún mar ghníomhaireacht stáit tráchtála | - | - | - | C4 | 2021 | Beidh an Bille um Ghníomhaireacht Forbartha Talún tagtha i bhfeidhm agus beidh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) bunaithe mar Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí. Áireofar ar chuspóirí na Gníomhaireachta Forbartha Talún an soláthar tithíochta sa Stát agus go háirithe tithíocht shóisialta agus inacmhainne a mhéadú.<br>Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.<br>Go sonrach, áiritheoidh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol, agus ceanglóidh sí ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann na hoibreacha foirgníochta a áirithiú go ndéanfar 70 % ar a laghad (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear i gcatagóir 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE an 3 Bealtaine 2000 a cuireadh in ionad Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíola de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus Cinneadh 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun |

| Uimhir sheicheamh ach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (ar tugadh fógra ina leith faoi uimhir doiciméid C(2000) 1147)) arna giniúint ar an láithreán foirgníochta, a ullmhú lena hathúsáid, lena hathchúrsáil agus le hábhar aisghabhála eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta a úsáideann dramhaíl lena cur in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh. |
| 102 | 3.8 Soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú | Sprioc | Tithe a chur ar fáil lena ndíol tríd an scéim nua um Cheannach Inacmhainne le haghaidh tithe ar thailte poiblí | - | Líon | 0 | 100 | R3 | 2023 | Beidh 100 teach ar a laghad curtha ar fáil lena ndíol tríd an Scéim um Cheannach Inacmhainne le haghaidh tithe ar thailte poiblí.<br>Beidh measúnú déanta ar an incháilitheacht ar acmhainn ioncaim an Cheannaitheora Céaduaire agus ar an éagumas na tithe a chur ar fáil ar luachanna margaidh oscailte, agus tabharfar tús áite dóibh, inter alia, tríd an méid ama a raibh siad ina gcónaí i limistéar an údaráis áitiúil, agus méid an tí i gcomparáid le méid an teaghlaigh.<br>Measfar go mbeidh tithe ar fáil lena ndíol nuair a bheidh an tógáil críochnaithe agus nuair a ghlacfar le hiarratais ó iarratasóirí incháilithe.<br>Áiritheofar go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol, agus go gcomhlíonfar na ceanglais DNSH a leagtar amach i ngarsprioc 101. |
| 103 | 3.8 Soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú | Sprioc | Tithe a seachadadh faoin scéim um cíos de réir costais | - | Líon | 0 | 450 | R3 | 2023 | Beidh 450 teach ar a laghad críochnaithe agus ligthe le tionóntaí ar saothraithe meánioncaim iad in ionaid uirbeacha agus beidh praghas na dtithe 25 % níos lú ná luachanna an mhargaidh oscailte, arna shainiú ag luachálaí réadmhaoine gairmiúil.<br>Beidh incháilitheacht sainithe ag an Aire i Rialacháin maidir le sonraí Staidrimh ar ioncaim.<br>Bainfidh an scéim le tithe i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach, i bPort Láirge agus |

| Uimhir sheicheamh ach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.<br>Áiritheofar go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol, agus go gcomhlíonfar na ceanglais DNSH a leagtar amach i ngarsprioc 101. |
| 104 | 3.8<br>Soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú | Sprioc | Tithe a chur ar fáil lena ndíol le ceannaitheoirí a bhaineann leas as an scéim tacaíochta cothromais | - | Líon | 0 | 100 | R3 | 2023 | Beidh 100 teach ar a laghad curtha ar fáil lena ndíol le ceannaitheoirí a bhaineann leas as an scéim tacaíochta cothromais.<br>Faoi réir riachtanas intomhaiste inacmhainne, bainfidh ceannaitheoirí leas as tacaíocht chothromais suas le 30 % de luachanna an mhargaidh oscailte.<br>Áiritheofar go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol, agus go gcomhlíonfar na ceanglais DNSH a leagtar amach i ngarsprioc 101. |
| 105 | 3.9<br>Sláinte | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Chonartha Comhairleach Sláintecare | Teacht i bhfeidhm an Chonartha Comhairleach Sláintecare | - | - | - | R3 | 2021 | Beidh an Conradh Comhairleach Sláintecare tagtha i bhfeidhm. Áireofar leis sin tuarastal méadaithe os cionn na leibhéal tuarastail atá ann cheana d'iontrálaithe nua agus socruithe conarthacha nua do chomhairligh. Beidh an conradh ina chonradh fostaíochta 'poiblí amháin', gan aon fhoráil ann maidir le haon chleachtas príobháideach, ar an láthair ná lasmuigh den láthair. Beidh an conradh nua infheidhme maidir le gach conradh arna n-eisiúint i ndiaidh an 30 Meán Fómhair 2021 ar a dhéanaí. Beidh an deis tugtha do gach comhairleach atá ann cheana a gconradh a athrú go buan go Conradh Comhairleach Sláintecare, ach beidh an rogha acu i gcónaí fanacht ar an gconradh atá acu cheana féin. |
| 106 | 3.9<br>Sláinte | Sprioc | Líonraí Sláinte Pobail a chur i bhfeidhm | - | Líon | 0 | 96 | C4 | 2022 | Beidh 96 Líonra Sláinte Pobail (CHN) ar an iomlán tagtha i bhfeidhm. Beidh gach CHN comhdhéanta d'fhoirne cúraim phríomhúil agus beidh i gceist leo Cleachtas Ginearálta i bpleanáil agus i soláthar seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil ar bhealach struchtúrtha. |
| 107 | 3.9<br>Sláinte | Sprioc | Beidh othair rannpháirteach sa | - | Líon | 120 000 | 430 000 | C4 | 2023 | Beidh 430 000 othar ar a laghad a bhfuil galar ainsealach orthu nó atá i mbaol ard go dtiocfaidh galar ainsealach |

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | Chlár Bainistíochta Galar Ainsealach | | | | | | | cláraithe mar rannpháirtithe i gceann de na comhpháirteanna (Cásanna Faille a Aimsiú; Clár Coisctheach Bliantúil d'othair atá i mbaol ard go dtiocfaidh galar cardashoithíoch nó diaibéiteas orthu; Clár Cóireála Struchtúrtha dóibh siúd a diagnóisíodh go bhfuil Galair Ainsealacha orthu a áirítear sa Chlár) den Chlár Bainistíochta Galar Ainsealach nuair a bheidh an clár curtha chun feidhme go hiomlán in 2023, i gcomparáid leis an 120 000 othar a bhí incháilithe chun clárú sa chlár faoin 31 Nollaig 2020. Cuirfear dhá athbhreithniú sceidealaithe ar fáil d'othair sa Chlár Bainistíochta Galar Ainsealach i dtréimhse 12 mhí lena n-áireofar oideachas othar, cúram coisctheach, athbhreithniú cógas, scrúdú coirp, imscrúduithe sceidealaithe agus plean cúraim aonair. Bainfidh gach athbhreithniú le comhairliúchán leis an altra cleachtaidh agus comhairliúchán leis an Lia-Chleachtóir Ginearálta ina dhiaidh sin. |

## D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach lena gcríochnú | | Cur síos ar gach garsprioc agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 108 | Faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme | Garsprioc | Córas stórais maidir le hiniúchadh agus rialuithe: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta | Tuarascáil iniúchóireacht a lena ndeimhnítear feidhmiúlachta í an chórais stórais | - | - | - | C4 | 2021 | Beidh córas stórais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnamh agus Athléimneachta i bhfeidhm agus ag feidhmiú roimh an gcéad iarraidh ar íocaíocht. Áireofar sa chóras, ar a laghad, na feidhmiúlachtaí seo a leanas:<br>(a) sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar ghnóthú garspriocanna agus spriocanna;<br>(b) na sonraí a cheanglaítear le pointí (i) go (iii) de phointe (d) d'Airteagal 22(2) de Rialachán RRF a bhailiú, a stóráil agus rochtain orthu a áirithiú. |
| 109 | Faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme | Garsprioc | Acmhainneacht riaracháin an Chomhlachta um Chur Chun Feidhme agus an chomhlachta iniúchóireachta | Tuarascáil lena ndeimhnítear gealltanas na n-acmhainní don Chomhlacht um Chur Chun Feidhme agus don chomhlacht iniúchóireacht a | - | - | - | C4 | 2021 | Déanfar acmhainneacht riaracháin an Chomhlachta um Chur Chun Feidhme, chomh maith le hacmhainneacht riaracháin an chomhlachta iniúchóireachta a ráthú leis an gcéad iarraidh ar íocaíocht trí bhíthin anailís ar an ualach oibre. |
| 110 | Faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun | Garsprioc | Creat a neartú chun aon neamhrialtachtaí tromchúiseacha a | Treoracha eisithe | - | - | - | Roimh an dara iarraidh ar | Roimh an dara iarraidh ar | Eiseoidh Comhlacht Cur Chun Feidhme Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann treoracha chuig na Ranna Cuntasacha chun an creat a neartú maidir le haon neamhrialtachtaí |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | feidhme | | chosc, a bhrath agus a cheartú | | | | | íocaíoch t | íocaíoch t | tromchúiseacha a chosc, a bhrath agus a cheartú, ar neamhrialtachtaí iad amhail calaois, coinbhleacht leasa, éilliú agus maoiniú dúbailte. Áireofar leis na treoracha sin, ar a laghad:<br>(a) Treoracha le haghaidh na Ranna Cuntasacha chun coinbhleacht leasa *ex-ante* agus seiceálacha ar mhaoiniú dúbailte a dhéanamh trí bhunachair sonraí náisiúnta agus uirlisí mianadóireachta sonraí agus scórála riosca iomchuí a úsáid. Ba cheart a áireamh sna treoracha freisin cad iad na sonraí nach mór do Ranna Cuntasacha a bhailiú ó fhaighteoirí deiridh agus iad a thuairisciú;<br><br>(b) Treoracha le haghaidh na Ranna Cuntasacha chun measúnú riosca calaoise a dhéanamh dá mbearta RRF féin;<br><br>(c) Nósanna imeachta soiléire maidir le fíoruithe ar an láthair atá le cur i gcrích ag na Ranna Cuntasacha. |

## 2. COSTAS IOMLÁN MEASTA AN PHLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

Is é EUR 923 158 300 costas measta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann.

## ROINN 2: TACAÍOCHT AIRGEADAIS

### 1. Ranníocaíocht airgeadais

Eagrófar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) mar a leanas:

1.1. An Chéad Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 95 | 3.6 Pleanáil Ionsaitheach Cánach | Garsprioc | Liúntais chaipitiúla ar shócmhainní doláimhsithe a leasú |
| 47 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Reachtaíocht maidir le conair an ráta cánach carbóin |
| 99 | 3.7 Pinsin | Garsprioc | Tuarascáil ar thírdhreach na bpinsean forlíontach |
| 96 | 3.6 Pleanáil Ionsaitheach Cánach | Garsprioc | Athchóiriú ar shainchónaí Cánach Corparáide agus rialacha feabhsaithe cuideachtaí eachtracha rialaithe (CFC) a bhfuil feidhm acu maidir le liosta na ndlínsí neamh-chomhoibríocha |
| 48 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Méadú ar an ráta cánach carbóin do 2021 |
| 32 | 1.6 Athshlánú Feabhsaithe ar Thailte Portaigh | Garsprioc | Réamhstaidéar ar athshlánú tailte portaigh |
| 43 | 1.8 An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Bhille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 |
| 45 | 1.8 An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 | Garsprioc | An chéad nuashonrú ar an bPlean Gníomhaíochta don Aeráid |
| 69 | 2.6.1 Sraith de thionscadail ríomhshláinte – ríomhchógaisíocht | Garsprioc | Dámhachtain na gconarthaí le haghaidh córais ríomhchógaisíochta |
| 76 | 2.7 Aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú | Garsprioc | Straitéis 10 mBliana maidir le scileanna d'aosaigh a fhoilsiú |
| 80 | 3.2 Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh Solas | Garsprioc | Gach deis soláthair scileanna faoin gclár 'Scileanna chun dul san iomaíocht' a fhoilsiú |
| 105 | 3.9 Sláinte | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Chonartha Comhairleach Sláintecare |
| 61 | 2.3.2 Bonneagar Digiteach agus Maoiniú do Scoileanna – Bonneagar TFC | Garsprioc | Foilsiú na himlitreach do scoileanna chun na critéir um maoiniú a chur in iúl |

| Uimhir sheicheamhac | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 9 | 1.3 Clár Iarfheistithe Fuinnimh Foirgneamh na hEarnála Poiblí | Garsprioc | Tosú na n-oibreacha iarfheistithe |
| 14 | 1.4.1 Leictriú Amach Anseo a Éascú trí Infheistíocht Spriocdhírithe in Iarnród Comaitéireachta Chorcaí - Traslíne bhreise a chruthú agus ardán breise ag Stáisiún an Cheanntaigh | Garsprioc | Conradh deartha le haghaidh stáisiún an Cheanntaigh a dhámhachtain |
| 33 | 1.6 Athshlánú Feabhsaithe ar Thailte Portaigh | Sprioc | Tús na n-oibreacha ar na chéad phortaigh |
| 44 | 1.8 An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 | Garsprioc | A chéad trí chlár buiséid carbóin 5 bliana a ghlacadh |
| 62 | 2.3.2 Bonneagar Digiteach agus Maoiniú do Scoileanna – Bonneagar TFC | Sprioc | Beidh maoiniú eisithe chuig bunscoileanna agus chuig iar-bhunscoileanna |
| 72 | 2.6.2 Sraith de thionscadail ríomhshláinte - córas comhtháite bainistíochta airgeadais | Garsprioc | Tógáil agus cumraíocht an chórais chomhtháite bainistíochta airgeadais a chríochnú |
| 74 | 2.7 Aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú | Garsprioc | Foilsiú na Straitéise Digití do scoileanna |
| 77 | 2.7 Aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú | Sprioc | Beidh gléasanna TFC tugtha do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste |
| 81 | 3.2 Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh Solas | Garsprioc | Gach deis maidir le soláthar agus modúil scileanna Glasa a fhoilsiú |
| 91 | 3.5 Sciúradh Airgid a Chomhrac | Sprioc | Cigireachtaí ar Sholáthraithe Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta (TCSPanna) arna ndéanamh ag an Aonad um Chomhlíonadh Frithsciúrtha Airgid (AMLCU) |
| 92 | 3.5 Sciúradh Airgid a Chomhrac | Garsprioc | Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith uirlisí um fhorfheidhmiú Rialála faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 |
| 97 | 3.6 Pleanáil Ionsaitheach Cánach | Garsprioc | Anailís eacnamaíoch a dhéanamh ar shreafaí íocaíochta amach agus ar athchóirithe a rinneadh le déanaí agus ar chomhairliúchán poiblí maidir le bearta a bhaineann le híocaíochtaí amach |
| 101 | 3.8 Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a Mhéadú | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na Gníomhaireachta Forbartha Talún mar ghníomhaireacht stáit tráchtála |
| 108 | Faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme | Garsprioc | Córas stórais maidir le hiniúchadh agus rialuithe: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta |
| 109 | Faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme | Garsprioc | Acmhainneacht riaracháin an Chomhlachta um Chur Chun Feidhme agus an chomhlachta iniúchóireachta |
| 37 | 1.7.1 Plean Bainistíochta Abhantraí - Uasghrádú ar 10 n-ionad cóireála uisce bheaga ar a laghad | Garsprioc | Ionaid chóireála fuíolluisce incháilithe a roghnú |
| 53 | 2.1 Lárionad comhroinnte sonraí Rialtais a fhorbairt | Garsprioc | Síniú an chonartha chun an tsaoráid lárionaid sonraí a thógáil |
| 84 | 3.3 Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta | Garsprioc | Deontais tionscadail arna ndámhachtain faoin gclár um |

| Uimhir sheicheamhac | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| | | | Athchóirithe Oideachais agus Oiliúna |
| 88 | 3.4 Bacainní Rialála ar an bhFiontraíocht a Laghdú | Garsprioc | Foilsiú cláir maidir le cur chun feidhme na Tástála FBManna agus teachtaireacht chuig gach roinn Rialtais |
| 93 | 3.5 Sciúradh Airgid a Chomhrac | Garsprioc | Measúnú Riosca Earnála ar Sholáthraithe Seirbhísí Iontaobhais nó Cuideachta (TCSPanna) a fhoilsiú maidir le sciúradh airgid a chomhrac/maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac |
| 38 | 1.7.1 Plean Bainistíochta Abhantraí - Uasghrádú ar 10 n-ionad cóireála uisce bheaga ar a laghad | Garsprioc | Tús leis an uasghrádú ar ionaid chóireála fuíolluisce bheaga |
| 41 | 1.7.3 Plean Bainistíochta Abhantraí - Faireachán ar tháscairí bitheolaíocha agus fisiceimiceacha 20 láithreán ar a laghad | Garsprioc | Suíomhanna arna roghnú le haghaidh faireacháin a fhoilsiú |
| 49 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Méadú ar an ráta cánach carbóin do 2022 |
| 56 | 2.2 Aistriú Digiteach Fhiontair na hÉireann | Garsprioc | Seoladh na nglaonna ar thograí |
| 59 | 2.3.1 Bonneagar Digiteach agus Maoiniú do Scoileanna - Nascacht | Sprioc | Scoileanna a nascadh leis an líonra leathanbhanda |
| 89 | 3.4 Bacainní Rialála ar an bhFiontraíocht a Laghdú | Garsprioc | Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile a sainaithníodh chun glacadh comhsheasmhach na Tástála FBManna ar fud an Rialtais a áirithiú |
| 12 | 1.4 Leictriú Amach Anseo a Éascú trí Infheistíocht Spriocdhírithe in Iarnród Comaitéireachta Chorcaí | Garsprioc | Síniú an chonartha le haghaidh flít leictreach / ceallra-leictreach |
| | | Méid na Tráthchoda | EUR 323,803,933 |

1.2. An Dara Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir sheicheamhac h | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 4 | 1.2.1 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta - An Ciste um Laghdú Carbóin | Garsprioc | Seoladh an ghlao ar thograí |
| 17 | 1.4.2 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí - Rianú dúbailte ar an líne aonair reatha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann | Garsprioc | Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chur isteach |
| 57 | 2.2 Aistriú Digiteach Fhiontair na hÉireann | Garsprioc | Beidh Moil Eorpacha um Nuálaíocht Dhigiteach curtha ar bun |
| 63 | 2.4 Rogha freagartha ar líne don daonáireamh | Garsprioc | Déantar tástáil ar an scéim phíolótach do bhailiú sonraí ar líne chun indéantacht a fhíorú |
| 60 | 2.3.1 Bonneagar Digiteach agus Maoiniú do Scoileanna - Nascacht | Sprioc | Scoileanna a nascadh leis an líonra leathanbhanda |
| 15 | 1.4.1 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí - Traslíne bhreise a chruthú agus ardán breise ag Stáisiún an Cheanntaigh | Garsprioc | Dámhachtain conarthaí foirgníochta |
| 18 | 1.4.2 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí - Rianú dúbailte ar | Garsprioc | Beidh an conradh foirgníochta dáfa |

| Uimhir sheicheamhac | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| | an líne aonair reatha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann | | |
| 21 | 1.4.3 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí – Na línte a athchomharthú | Garsprioc | Beidh an príomhchonradh deartha agus tógála dáfa |
| 75 | 2.7 Aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus scileanna digiteacha a fheabhsú | Sprioc | Méadú ar líon na gcéimithe a mbeidh scileanna ardleibhéil TFC acu |
| 100 | 3.7 Pinsin | Garsprioc | Bearta reachtacha chun tírdhreach an phinsin fhorlíontaigh a shimpliú agus a chomhchuibhiú |
| 106 | 3.9 Sláinte | Sprioc | Líonraí Sláinte Pobail a chur i bhfeidhm |
| 90 | 3.4 Bacainní Rialála ar an bhFiontraíocht a Laghdú | Sprioc | Ranna Rialtais a bhfuil an tástáil FBManna curtha i bhfeidhm acu |
| 50 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Méadú ar an ráta cánach carbóin do 2023 |
| 94 | 3.5 Sciúradh Airgid a Chomhrac | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena n-oibríochtaítear aon mholadh i dtreo smachtbhannaí airgeadais ó thuarascáil na meithle |
| 102 | 3.8 Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a Mhéadú | Sprioc | Tithe a chur ar fáil lena ndíol tríd an scéim nua um Cheannach Inacmhainne le haghaidh tithe ar thailte poiblí |
| 103 | 3.8 Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a Mhéadú | Sprioc | Tithe a seachadadh faoin scéim um cíos de réir costais |
| 104 | 3.8 Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a Mhéadú | Sprioc | Tithe a chur ar fáil lena ndíol le ceannaitheoirí a bhaineann leas as an scéim tacaíochta cothromais |
| 110 | Faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme | Garsprioc | Creat a neartú chun aon neamhrialtachtaí tromchúiseacha a chosc, a bhrath agus a cheartú |
| | | Méid na Tráthchoda | EUR 180 844 228 |

## 1.3. An Tríú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir sheicheamhach | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 11 | 1.3 Clár Iarfheistithe Fuinnimh Foirgneamh na hEarnála Poiblí | Garsprioc | Beidh obair iarfheistithe ar Theach Tom Johnson curtha i gcrích |
| 22 | 1.4.3 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí – Na línte a athchomharthú | Garsprioc | Dearadh mionsonraithe na scéime a ghlacadh |
| 34 | 1.6 Athshlánú Feabhsaithe ar Thailte Portaigh | Sprioc | Tús na n-oibreacha ar phortaigh bhreise |
| 40 | 1.7.2 Plean Bainistíochta Abhantraí – Staidéir féidearthachta ar 20 ionad cóireála fuíolluisce ar a laghad | Sprioc | Staidéir féidearthachta agus measúnuithe a bhaineann le fo-bhearta 1 agus 3 lena ndéantar measúnú ar dheiseanna le haghaidh tuilleadh uasghráduithe |
| 66 | 2.5 Teicneolaíochtaí 5G a úsáid chun Éire níos glaise agus níos nuálaí a chur chun cinn | Sprioc | Ceannach 18 nód ríomhaireachta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 70 | 2.6.1 Sraith de thionscadail ríomhshláinte – ríomhchógaisíocht | Garsprioc | Tógáil agus cumraíocht na ríomhchógaisíochta a chríochnú |
| 107 | 3.9 Sláinte | Sprioc | Beidh othair rannpháirteach sa Chlár Bainistíochta Galar Ainsealach |
| 19 | 1.4.2 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí - Rianú dúbailte ar an líne aonair reatha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann | Garsprioc | Tús leis na hoibreacha líne an Ghleanntáin-Mhainistir na Corann |
| 98 | 3.6 Pleanáil Ionsaitheach Cánach | Garsprioc | Reachtaíocht a thabhairt isteach i ndáil le híocaíochtaí amach chun cosc a chur ar neamhchánachas dúbailte |
| 51 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Méadú ar an ráta cánach carbóin do 2024 |
| 86 | 3.3 Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta | Sprioc | Go mbeidh páirt glactha ag gach ball foirne de chuid na gcúig Ollscoil Teicneolaíochta i ngníomhaíochtaí uas-scilithe agus forbartha |
| 87 | 3.3 Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta | Sprioc | Beidh mic léinn na gcúig ollscoil teicneolaíochta ar fad cláraithe i gcuraclam nua nó i gcuraclam leasaithe nó beidh tairbhe bainte acu as gníomhaíochtaí oiliúna nó foghlama nua nó leasaithe |
| | | Méid na Tráthchoda | EUR 182,873,724 |

## 1.4. An Ceathrú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| **Uimhir sheicheamhach** | **Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)** | **Garsprioc / Sprioc** | **Ainm** |
|---|---|---|---|
| 46 | 1.8 An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 | Garsprioc | Nuashonrú eile ar an bPlean Gníomhaíochta don Aeráid |
| 64 | 2.4 Rogha freagartha ar líne don daonáireamh | Garsprioc | Tástálann sampla saoránach an cleachtadh bailithe sonraí ar líne |
| 16 | 1.4.1 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí - Traslíne bhreise a chruthú agus ardán breise ag Stáisiún an Cheanntaigh | Garsprioc | Beidh an tras-ardán curtha i gcrích |
| 35 | 1.6 Athshlánú Feabhsaithe ar Thailte Portaigh | Sprioc | Na hoibreacha athshlánúcháin do na chéad phortaigh a chríochnú |
| 67 | 2.5 Teicneolaíochtaí 5G a úsáid chun Éire níos glaise agus níos nuálaí a chur chun cinn | Sprioc | Suiteáil nód ríomhaireachta |
| 85 | 3.3 Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta | Garsprioc | Formheas na dtuarascálacha tionscadail |
| 24 | 1.5.1 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 1 | Garsprioc | Síniú chonarthaí Bhabhta 1 maidir le tionscadail ghlasa roghnaithe |
| 25 | 1.5.1 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 1 | Garsprioc | Síniú chonarthaí Bhabhta 1 maidir le tionscadail dhigiteacha roghnaithe |
| 52 | 1.9 Cáin Charbóin | Garsprioc | Méadú ar an ráta cánach carbóin do 2025 |
| 54 | 2.1 Lárionad comhroinnte sonraí Rialtais a fhorbairt | Garsprioc | Tógáil shaoráid an lárionaid sonraí a chur i gcrích |
| 82 | 3.2 Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh Solas | Sprioc | Rannpháirtithe sa Chlár Gníomhaíochta Scileanna Glasa agus Rannpháirtíocht i Scileann chun Dul san Iomaíocht |
| 83 | 3.2 Clár Freagartha Scileanna Téarnaimh Solas | Sprioc | Méadú a dhéanamh ar sciar na mban faoi bhun 30 bliain d’aois |

| Uimhir sheicheamhac | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| | | | ag a bhfuil leibhéal gnóthachtála oideachais ag leibhéal 5 nó níos ísle a bheidh cláraithe sa Tionscnamh Scileanna chun Dul san Iomaíocht |
| | | Méid na Tráthchod a | EUR 172 333 701 |

1.5. An Cúigiú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir sheicheamhac h | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 39 | 1.7.1 Plean Bainistíochta Abhantraí - Uasghrádú ar 10 n-ionad cóireála uisce bheaga ar a laghad | Sprioc | Uasghrádú ar ionaid chóireála fuíolluisce bheaga |
| 42 | 1.7.3 Plean Bainistíochta Abhantraí - Faireachán ar tháscairí bitheolaíocha agus fisiceimiceacha 20 láithreán ar a laghad | Garsprioc | Tuarascáil deiridh |
| 13 | 1.4 Leictriú Amach Anseo a Éascú trí Infheistíocht Spriocdhírithe in Iarnród Comaitéireachta Chorcaí | Garsprioc | Tiomáint astaíochtaí nialasacha a roghnú |
| 27 | 1.5.2 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 2 | Garsprioc | Síniú chonarthaí Bhabhta 2 maidir le tionscadail ghlasa roghnaithe |
| 28 | 1.5.2 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 2 | Garsprioc | Síniú chonarthaí Bhabhta 2 maidir le tionscadail ghlasa dhigiteacha roghnaithe |
| 55 | 2.1 Lárionad comhroinnte sonraí Rialtais a fhorbairt | Sprioc | Aistriú na bhfreastalaithe/seirbhísí chuig an lárionad sonraí nua Rialtais |
| 68 | 2.5 Teicneolaíochtaí 5G a úsáid chun Éire níos glaise agus níos nuálaí a chur chun cinn | Garsprioc | Tástáil ar Chosaint an Phobail agus ar Fhóirithint Tubaiste |
| 71 | 2.6.1 Sraith de thionscadail ríomhshláinte – ríomhchógaisíocht | Sprioc | An chéad imlonnú ríomhchógaisíochta |
| 73 | 2.6.2 Sraith de thionscadail ríomhshláinte – córas comhtháite bainistíochta airgeadais | Sprioc | An chéad imlonnú den chóras comhtháite bainistíochta airgeadais |
| 20 | 1.4.2 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí – Rianú dúbailte ar an líne aonair reatha idir An Gleanntán agus Mainistir na Corann | Sprioc | Rianú dúbailte ar líne an Ghleanntáin go Mainistir na Corann a chur i gcrích |
| 30 | 1.5.3 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 3 | Garsprioc | Síniú chonarthaí Bhabhta 3 maidir le tionscadail ghlasa roghnaithe |
| 58 | 2.2 Aistriú Digiteach Fhiontair na hÉireann | Sprioc | Ceaduithe maidir le maoiniú don aistriú digiteach |
| 65 | 2.4 Rogha freagartha ar líne don daonáireamh | Garsprioc | Seoladh bhailiú sonraí ar líne an daonáirimh |
| 5 | 1.2.1 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta - An Ciste um Laghdú Carbóin | Sprioc | Tionscadail curtha i gcrích |
| 6 | 1.2.1 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta - An Ciste um Laghdú Carbóin | Sprioc | Cainníocht $CO_2$ a mhaolú trí theicneolaíochtaí ísealcharbóin a shuiteáil |
| 7 | 1.2.2 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta - An Ciste um Ghníomhú Fiontar don Aeráid | Garsprioc | Feachtas feasachta maidir leis an gciste a chríochnú |
| 8 | 1.2.2 Dlús a chur le Dícharbónú na hEarnála Fiontraíochta - An Ciste um Ghníomhú | Sprioc | Formheas na n-iarratas ar thacaíocht um maoiniú |

| Uimhir sheicheamhac | Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| | Fiontar don Aeráid | | |
| 23 | 1.4.3 Leictriú amach anseo a éascú trí infheistíocht spriocdhírithe in iarnród comaitéireachta Chorcaí – Na línte a athchomharthú | Sprioc | Críochnú na n-oibreacha athchomharthaíochta |
| 26 | 1.5.1 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 1 | Garsprioc | Tuarascáil um chríochnú maidir le cur i gcrích tionscadal roghnaithe Bhabhta 1 |
| 29 | 1.5.2 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 2 | Garsprioc | Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le leibhéal chríochnú thionscadail roghnaithe Bhabhta 2 |
| 31 | 1.5.3 Mórdhúshlán Náisiúnta – Babhta 3 | Garsprioc | Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le leibhéal chríochnú thionscadail roghnaithe Bhabhta 3 |
| 36 | 1.6 Athshlánú Feabhsaithe ar Thailte Portaigh | Sprioc | Obair athshlánúcháin a chríochnú |
| 10 | 1.3 Clár Iarfheistithe Fuinnimh Foirgneamh na hEarnála Poiblí | Garsprioc | Tá oibreacha iarfheistithe oifigí rialtais réigiúnacha curtha i gcrích |
| | | Méid na Tráthchoda | EUR 54 513 032 |

## ROINN 3: SOCRUITHE BREISE

### 1. Socruithe chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta

Déanfar faireachán agus cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann i gcomhréir leis na socruithe seo a leanas atá leagtha amach sa phlean:

- Beidh Comhlacht um Chur Chun Feidhme cruthaithe laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Beidh sé freagrach as faireachán agus bainistiú straitéiseach foriomlán an phlean agus as comhordú a dhéanamh i measc údaráis na hÉireann. Tuairisceoidh an Comhlacht um Chur Chun Feidhme don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Soláthróidh sé tacaíocht theicniúil agus córais agus déanfaidh sé cumarsáid ar an leibhéal náisiúnta chun maoiniú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun cinn agus a phoibliú.
- Is é an Comhlacht um Chur Chun Feidhme an comhlacht a tharraingeoidh suas na hiarrataí ar íocaíocht leis an gCoimisiún freisin. Beidh dearbhú bainistíochta agus achoimre ar iniúchtaí agus rialuithe arna ndéanamh ag an gComhlacht Iniúchóireachta Neamhspleách maidir leis an bplean ag gabháil le gach iarraidh ar íocaíocht, agus déanfar achoimre ann ar raon feidhme na rialuithe a rinneadh, ar na laigí a sainaithníodh, agus ar na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh. Chuige sin, baileoidh an Comhlacht um Chur Chun Feidhme torthaí nósanna imeachta iniúchóireachta arna ndéanamh ag an gComhlacht Iniúchóireachta Neamhspleách, chomh maith le gach cás maidir le neamhrialtachtaí tromchúiseacha, lena n-áirítear cásanna calaoise nó amhrais maidir le calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa, a chuirfidh le hachoimre na n-iniúchtaí.
- Is é an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus de chuid an Aontais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bheidh ina Chomhlacht Iniúchóireachta Neamhspleách don phlean. Beidh an Comhlacht Iniúchóireachta Neamhspleách freagrach as iniúchtaí a dhéanamh maidir le garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach, trí mhodheolaíocht samplála iomchuí. Fíoróidh sé an dearbhú bainistíochta sula gcuirfear gach ceann de na hiarrataí ar íocaíocht chuig an gCoimisiún. Déanfar measúnú riosca ar bhonn leanúnach agus úsáidfear é mar bhonn don phlean iniúchóireachta. Feidhmeoidh an Comhlacht Iniúchóireachta Neamhspleách go gairmiúil, agus cloífidh sé le Caighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí (2012) na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus cuirfidh sé Cód Eitice agus Caighdeán Idirnáisiúnta Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha san áireamh, go háirithe, an Creat um Chleachtais Ghairmiúla Idirnáisiúnta (IPPF). Áiritheofar go mbeidh líon leordhóthanach beart san áireamh sa sampla a roghnófar.
- Beidh an fhreagracht as beart sonrach a sholáthar agus as tuairisciú a thabhairt air faoi roinn nó faoi chomhlacht a ainmneofar chun bheith freagrach as an mbeart sin, cé go bhféadfadh sé go mbeadh baint ag ranna nó ag comhlachtaí eile le roinnt gnéithe de chur chun feidhme an bhirt sin freisin. Tá liosta sa phlean de na ranna agus na comhlachtaí eile arna n-ainmniú chun bheith cuntasach as gach beart.
- Beidh ar ranna cuntasacha agus ar chomhlachtaí eile an Cód Caiteachais Phoiblí a chur i bhfeidhm, Cód ina bhfuil sraith rialacha, nósanna imeachta agus treoir chun luach ar airgead sa chaiteachas poiblí a áirithiú ar fud Sheirbhís Phoiblí na hÉireann. Beidh na ranna cuntasacha agus na comhlachtaí eile freagrach as na ceanglais rialála, faireacháin agus rialaithe uile a chomhlíonadh, as tuairisciú a dhéanamh ar a ngarspriocanna agus a spriocanna féin, as tuairisciú a dhéanamh ar chostais de réir mar is iomchuí, as cumarsáid a dhéanamh ar leibhéal an tionscadail, agus as taifid a choinneáil.
- Déanfar ionadaíocht do gach roinn agus do gach comhlacht freagrach agus don Chomhlacht um Chur Chun Feidhme i gCoiste um Sholáthar a bhunófar. Tiocfaidh an Coiste um

Sholáthar le chéile gach ráithe ar a laghad. Beidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina cathaoirleach air, agus beidh Roinn an Taoisigh agus an Roinn Airgeadais, ina leas-chomhchathaoirligh air, ar an leibhéal sinsearach oifigiúil. Coinneoidh sé maoirseacht leanúnach ar bun ar chur chun feidhme an phlean agus tabharfaidh sé aghaidh ar shaincheisteanna de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Cuirfear de chúram ar an gCoiste um Sholáthar beart a chur chun cinn agus soláthrófar fóram comhoibrithe agus comhordúcháin maidir leis an bplean uile. Beidh saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an phlean agus leis an Seimeastar Eorpach araon faoi réir dlúthchomhar idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Roinn an Taoisigh agus an Roinn Airgeadais.

## 2. Socruithe chun rochtain iomlán a sholáthar don Choimisiún ar na bunsonraí

Feidhmeoidh an Comhlacht um Chur Chun Feidhme, laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, mar phointe teagmhála aonair don Choimisiún. Gníomhóidh sé mar chomhlacht comhordúcháin chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na ngarspriocanna agus na spriocanna, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart rialaithe, chun deimhniú a sholáthar maidir le hiontaofacht na sonraí agus maidir le dul chun cinn na mbeart, agus chun tuairisciú agus iarraidh ar íocaíochtaí a sholáthar.

Úsáidfidh an Comhlacht um Chur Chun Feidhme córas faisnéise tiomnaithe maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, atá á fhorbairt agus faoi réir garsprioc thiomnaithe (uimhir 108), chun an plean a chur chun feidhme. Beidh a chroífheidhmiúlachtaí, nó córas teagmhasach lena mbeidh na croífheidhmiúlachtaí riachtanacha, i bhfeidhm faoin gcéad iarraidh ar íocaíocht. Déanfaidh córas stórais na sonraí ábhartha a bhaineann le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta a thaifeadadh agus a stóráil, go háirithe maidir le baint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna, sonraí maidir le faighteoirí deiridh, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla, faoin gcéad iarraidh ar íocaíocht. Beidh an Comhlacht um Chur Chun Feidhme ábalta rochtain ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

I gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2021/241, nuair a bheidh na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha comhaontaithe i Roinn 1 den Iarscríbhinn seo curtha i gcrích, cuirfidh Éire iarraidh chuí-réasúnaithe ar íocaíocht na ranníocaíochta faoi bhráid an Choimisiúin. Áiritheoidh Éire, arna iarraidh sin, go mbeidh rochtain iomlán ag an gCoimisiún ar na bunsonraí ábhartha a thacaíonn leis an údar cuí atá leis an iarraidh ar íocaíocht, chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ar íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/241 agus chun críocha iniúchóireachta agus rialaithe araon.